2025/2161

31.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2161 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Deireadh Fómhair 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla a bhaineann le feistí infheithicle chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh agus ar mhíleáiste feithiclí tromshaothair áirithe, agus chun pálasta nó meáchan iomlán na bhfeithiclí sin a chinneadh agus a thaifeadadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineálcheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 5c, pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún ([2]), déanfar astaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla feithiclí tromshaothair iomlána a ionsamhlú trí úsáid a bhaint as modheolaíocht atá bunaithe ar uirlis VECTO ('nós imeachta rialála VECTO'). Tá na hastaíochtaí CO_2 arna gcinneadh amhlaidh mar bhonn chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht monaróirí lena spriocanna bliantúla i leith astaíochtaí sonracha CO_2 mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Tá éifeachtacht na spriocanna astaíochtaí CO_2 sin ag brath go mór ar fhíorionadaíochas luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe fuinnimh leictrigh arna gcinneadh ag uirlis VECTO, a bhfuil faireachán agus measúnú le déanamh uirthi trí úsáid a bhaint as sonraí ó fheistí infheithicle chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh (feistí FIFIB) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1242.

(2) Chun na críche sin, ba cheart a chumhdach leis an bhfaisnéis arna taifeadadh ag feistí FIFIB na paraiméadair is gá chun ionadaíochas nós imeachta rialála VECTO a chinneadh go cruinn. Leis an nós imeachta sin, cuirtear san áireamh próifíl mhisin, ualaí, cineál breosla agus mais iomlán na feithicle, agus léirítear ann na hastaíochtaí i ngraim de CO_2 in aghaidh an chiliméadair tona chun áirgiúlacht na bhfeithiclí tromshaothair agus na graim de CO_2 in aghaidh an chiliméadair paisinéara a léiriú i gcás busanna agus cóistí idiruirbeacha. Chun an cur chuige sin a chumasú, leis an bhfeiste FIFIB ba cheart an t-ídiú foriomlán breosla agus fuinnimh leictrigh le linn na saolré agus an fad saolré arna thiomáint a thaifeadadh. Ba cheart an t-ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh agus an fad i ndáil le luas agus mais iomlán na feithicle a thaifeadadh léi freisin trí na nithe sin a charnadh thar eatraimh thréimhsiúla d'oibriú na feithicle. I gcás busanna agus cóistí idiruirbeacha, chun measúnú a dhéanamh ar ionadaíochas an nós imeachta, ba cheart na hualaí bunúsacha agus mais iomlán na feithicle a úsáidtear sa nós imeachta a chur san áireamh sa chomparáid.

(3) Cainníocht an bhreosla agus an fhuinnimh leictrigh atá á n-úsáid cheana féin, agus na sonraí ábhartha atá stóráilte cheana féin ar bord fhormhór na bhfeithiclí nua, ach na feistí a úsáidtear faoi láthair chun faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin nach bhfuil faoi réir ceanglais chaighdeánaithe, ba cheart buncheanglais chineálcheadaithe maidir leis na feistí sin a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a sholáthraíonn siad inrochtana agus féadfaidh siad a bheith ina mbonn comhchuibhithe le haghaidh comparáid idir ídiú breosla agus astaíochtaí ionsamhlaithe VECTO agus na fíorluachanna arna gcinneadh ag an bhfeiste FIFIB.

([1]) IO L 188, 18.07.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/595/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint Na hEorpa Agus Ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle, (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

(4) Ba cheart mais iomlán na bhfeithiclí agus a gcónaisc a chinneadh le córas faireacháin maise infheithicle, mar chuid den fheiste FIFIB. Chun ligean do mhonaróirí úsáid a bhaint as córais agus braiteoirí atá ann cheana i gcás inar féidir, lena dtairgtear costais agus stóinseacht níos ísle, agus foráil á déanamh maidir le hardchruinneas ag an am céanna, is iomchuí a cheadú go gcinnfear an mhais iomlán trí úsáid a bhaint as modhanna indíreacha.

(5) Chun measúnú a dhéanamh ar na próifílí misin agus ar na dálaí pálasta le linn shaolré na bhfeithiclí, rud a léiríonn áirgiúlacht na bhfeithiclí tromshaothair ar an mbóthar agus lenar féidir comparáid a dhéanamh leis na dálaí ionsamhlaithe, thar shaolré na feithicle, ba cheart an t-ídiú breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh agus luachanna faid arna gcarnadh thar eatraimh arna gcinneadh a stóráil ag deireadh gach eatraimh ar an aonad rialaithe ábhartha i bhformáid ina ndéantar na paraiméadair a innéacsú leis an meánmhais iomlán feithicle agus leis an meánluas a chinntear don eatramh sin. Cé gur cheart luachanna carntha ídithe breosla agus fuinnimh leictrigh agus faid a athshocrú ag deireadh gach eatraimh chun a áirithiú nach ndéanfar ach na luachanna carntha le linn eatramh aonair a mheas, d'fhéadfaí an t-eatramh roimhe sin a bheith ina bhonn eolais don luas agus don mhais iomlán toisc go n-úsáidtear na luachanna sin chun na paraiméadair charntha a innéacsú.

(6) Chun tacú leis an measúnú ar nós imeachta rialála VECTO trí léiriú níos fearr a thabhairt ar fhíorphróifílí tiomána feithiclí ar an mbóthar, feithiclí nach gceanglaítear orthu córas faireacháin maise infheithicle a bheith acu, ba cheart dóibh an t-ídiú breosla agus an t-achar arna thiomáint arna gcarnadh thar eatraimh d'oibriú na feithicle a thaifeadadh freisin agus na sonraí sin a stóráil bunaithe ar an meánluas a chinntear le linn an eatraimh sin amháin.

(7) Ós rud é go n-úsáideann an fheiste FIFIB paraiméadair an innill chun na paraiméadair ábhartha FIFIB a chinneadh, ba cheart comhlíonadh na gceanglas maidir le feistí FIFIB a bheith mar chuid den chineálcheadú astaíochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún ([4]). Chun an t-ualach tástála breise a íoslaghdú agus, ar an gcaoi sin, an nós imeachta cineálcheadaithe a shimpliú, ba cheart do mhonaróirí a bheith in ann ceanglais chomhlíontachta a chomhlíonadh trí dhearbhú maidir le comhréireacht leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo i ndáil le feidhmiúlacht agus cruinneas na feiste FIFIB a sholáthar.

(8) Chun a áirithiú go leanfaidh na sonraí a sholáthraíonn na feistí FIFIB de bheith cruinn le linn úsáid na bhfeithiclí, agus an t-ualach tástála breise á íoslaghdú ag an am céanna, ba cheart faireachán a dhéanamh ar chruinneas na bhfeistí sin aon uair a dhéantar ídiú breosla a thaifeadadh le linn nósanna imeachta tástála rialála atá ann cheana. Ba cheart a áireamh leis na nósanna imeachta tástála sin nósanna imeachta tástála innill i gcás ina bhfuil meastóireacht á déanamh ar an mapa breosla, mar a shonraítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2017/2400, agus nósanna imeachta tástála ar an mbóthar inar féidir faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh, fad iomlán agus cruinneas faireacháin maise, mar a shonraítear sa chineálcheadú astaíochtaí agus sna nósanna imeachta comhréireachta inseirbhíse faoi Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, sa nós imeachta tástála fíorúcháin faoi Rialachán 2017/2400 agus sna tástálacha ar chóras tomhais astaíochtaí iniompartha faoi Rialachán 49 ó na Náisiúin Aontaithe ([5]).

(9) Is é an t-údarás a dheonaigh an cineálcheadú astaíochtaí an t-údarás ba cheart a bheith freagrach as na torthaí a sheiceáil maidir le hídiú breosla, fad iomlán agus mais iomlán le linn tástálacha faireacháin, agus ba cheart go bhfaigheadh an t-údarás sin na sonraí is gá chun torthaí an údaráis nó an mhonaróra a dhéanann an tástáil sin a sheiceáil. Níor cheart tionchar a bheith ag paraiméadar FIFIB taifeadta nach bhfuil idir na híosteorainneacha cruinnis agus na huasteorainneacha cruinnis le linn nós imeachta tástála rialála ar thoradh an nós imeachta tástála rialála.

(10) I gcás ina gcinneann an t-údarás deonúcháin nach bhfuil an paraiméadar FIFIB taifeadta idir na híosteorainneacha cruinnis agus na huasteorainneacha cruinnis le linn nós imeachta tástála, ba cheart tástáil staidrimh a dhéanamh chun cruinneas an ídithe breosla agus an fhaid arna thaisteal, nó faireachán maise a fhíorú agus chun comhlíontacht a chinneadh. Ba cheart na coinníollacha teorann don tástáil staidrimh sin a bheith cosúil leis na coinníollacha nós imeachta tástála fíorúcháin atá ann cheana le ceanglais shimplithe taifeadta, agus le coinníollacha cnocacha agus dinimiciúla chun oibriú an chórais FMIF a fhíorú bunaithe ar mhodhanna indíreacha, toisc go n-úsáidtear dáileacháin luais ionadaíocha le haghaidh grúpaí tiomána éagsúla le ceanglais an turais don nós imeachta sin, agus go gceadaítear leo do mhonaróirí feithiclí agus do shaotharlanna neamhspleácha creidiúnaithe bealaí agus bonneagar atá ann cheana a úsáid.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear i bhfeidhm agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 167, 25.6.2011, lch. 1, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/582/oj).

([5]) Rialachán Uimh. 49 ó na Naisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na bearta atá le glacadh i gcoinne astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach ó innill adhainte comhbhrú agus ó innill adhainte deimhní lena n-úsáid i bhfeithiclí [2023/64] (IO L 14, 16.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/64/oj).

(11) Chun comhlíonadh na gceanglas cruinnis a shimpliú agus ar an gcaoi sin an t-ualach forbartha ar mhonaróirí a laghdú, i gcás cineálacha áirithe breosla agus nósanna imeachta tástála, níl feidhm ach ag faireachas ar chruinneas ar dtús. I gcás ina ndéantar faireachas ar chruinneas, níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais chruinnis le haghaidh an dearbhaithe comhlíontachta, agus níor cheart nós imeachta fíoraithe staidrimh a dhéanamh nuair nach bhfuil an paraiméadar taifeadta idir na híosteorainneacha cruinnis agus na huasteorainneacha cruinnis le linn nós imeachta tástála. Mar sin féin, ba cheart don mhonaróir na luachanna is cruinne is féidir a bhaint amach le córas tomhais agus ríofa na n-aonad rialaithe feithicle a sholáthar.

(12) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha faireacháin agus meastóireacht a dhéanamh ar na ceanglais chruinnis le haghaidh feithiclí i gcás ina bhfuil feidhm ag faireachas ar chruinneas. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis chineálcheadaithe deonaithe torthaí na dtástálacha faireacháin a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe arna iarraidh sin don Choimisiún.

(13) Ós rud é gur coinníoll é dearbhú comhlíontachta na gceanglas maidir le feistí FIFIB chun síneadh a chur leis an gcineálcheadú astaíochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, ba cheart an t-údarás atá freagrach as an gcineálcheadú astaíochtaí a bheith freagrach as measúnú a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha faireacháin agus ba cheart dó meastóireacht a dhéanamh ar chruinneas na feiste FIFIB bunaithe ar nós imeachta tástála staidrimh, i gcás inar gá. Chuige sin, tá gá le dlúthchomhar idir monaróirí, údaráis a dhéanann tástálacha faireacháin agus an t-údarás a dheonaíonn an cineálcheadú astaíochtaí.

(14) Ós rud é nach ann d'aon tástáil cineálcheadaithe tosaigh ar leithligh le haghaidh na feiste FIFIB, agus toisc go bhfuil gá le dearbhú comhlíontachta na feiste FIFIB leis na ceanglais sa Rialachán seo le haghaidh an chineálcheadaithe astaíochtaí, ba cheart bearta ceartaitheacha ar an gcineálcheadú astaíochtaí a bheith mar thoradh ar mhainneachtain an nós imeachta tástála staidrimh.

(15) I bhfianaise an aga tionscanta is gá chun feistí FIFIB a fhorbairt, agus chun comharthaí caighdeánaithe a fhorbairt nach bhfuil ar fáil faoi láthair, ba cheart ceanglais FIFIB a shocrú ó 2027 ar aghaidh, agus ba cheart faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fhíorionadaíochas luachanna na n-astaíochtaí CO_2 agus an ídithe fuinnimh leictrigh trí mhodhanna eile go dtí go mbeidh na comharthaí caighdeánaithe sin ar fáil. Ar an gcéad dul síos, ba cheart ceanglais an fhaireacháin ar ídiú breosla infheithicle agus an fhaireacháin maise infheithicle a theorannú do ghnáthfheithiclí tromshaothair ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh.

(16) Ba cheart raon feidhme na bhfeithiclí is gá a fheistiú le feistí FIFIB a leathnú in 2029 chun gach cineál feithicle tromshaothair a áireamh freisin, i gcomhréir le hamlíne na gceanglas faoi Rialachán (AE) 2024/1257 ([6]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, rud a thabharfaidh a ndóthain ama do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm na bhforálacha nua sin ar bhealach comhchuibhithe.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Teicniúil - Mótarfheithiclí a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2017/2400, i bpointe 2 d'Iarscríbhinn III, i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI, agus i bpointe 2 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann leis an Rialachán sin.

([6]) Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

Sa bhreis air sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘feiste infheithicle chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh leictrigh’ nó ‘feiste FIFIB’ aon bhogearra nó aon chrua-earra lena mbraitear agus lena-úsáidtear fuinneamh feithicle, innill, breosla nó leictreach agus paraiméadair pálasta/maise chun na sonraí maidir le hídiú breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh agus paraiméadair eile atá ábhartha i ndáil le cinneadh ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh agus éifeachtúlacht fuinnimh na feithicle a chinneadh agus a stóráil san fheithicil;

(2) ciallaíonn ‘córas faireacháin fuinnimh infheithicle (FFIF)’ aon bhogearra nó aon chrua-earra mar chuid den fheiste FIFIB lena mbraitear agus lena n-úsáidtear paraiméadair fuinnimh feithicle, innill, bhreosla nó leictrigh chun na sonraí maidir le hídiú breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh na feithicle, a sonraí carntha, agus paraiméadair eile atá ábhartha chun ídiú breosla nó ídiú fuinnimh leictrigh agus éifeachtúlacht fuinnimh na feithicle a chinneadh agus a stóráil san fheithicil;

(3) ciallaíonn ‘córas faireacháin maise infheithicle’ aon bhogearra nó aon chrua-earra mar chuid den fheiste FIFIB chun mais iomlán na feithicle a chinneadh;

(4) ciallaíonn ‘luach saolré’ de chainníocht áirithe arna cinneadh agus arna stóráil ag am *t* luach na cainníochta sin arna charnadh ó cuireadh táirgeadh na feithicle i gcrích go dtí an t-am *t;*

(5) ciallaíonn ‘saolré feithicle’ ag am *t* an tréimhse ó cuireadh a táirgeadh i gcrích go dtí an t-am *t*;

(6) ciallaíonn ‘ráta breosla an innill’ méid meandrach an bhreosla uile a instealltar san inneall in aghaidh an aonaid ama, gan breosla a instealltar go díreach san fheiste rialaithe truaillithe a chur san áireamh;

(7) ciallaíonn ‘ráta breosla feithicle’ méid meandrach an bhreosla uile a instealltar isteach san inneall agus go díreach san fheiste rialaithe truaillithe in aghaidh an aonaid ama, gan an breosla a úsáideann téitheoir spáis a oibrítear le breosla a chur san áireamh;

(8) ciallaíonn ‘breosla iomlán arna ídiú (saolré)’ carnadh ráta breosla na feithicle le linn saolré feithicle;

(9) ciallaíonn ‘fad iomlán arna thaisteal (saolré)’ carnadh an fhaid arna thaisteal le linn shaolré na feithicle;

(10) ciallaíonn ‘cumhacht choiscthe mheandrach innill’ an fuinneamh aschurtha meicniúil meandrach in aghaidh an tsoicind;

(11) ciallaíonn ‘fuinneamh aschurtha innill’ aschur cumhachta coiscthe innill thar shaolré feithicle, is é sin an fuinneamh meicniúil carntha arna sholáthar ag an inneall;

(12) ciallaíonn ‘tréimhse charntha’ tréimhse ama le linn turas aonair, arna hinnéacsú ag meánluas agus ag meánluach iomlán maise, a gcinneann an fheithicil na luachanna innéacsaithe ina leith;

(13) ciallaíonn ‘breosla feithicle arna ídiú le linn na tréimhse carntha’ carnadh ráta breosla na feithicle le linn saolré feithicle, arna innéacsú de réir meánluais agus raonta meánmhaise iomlána, agus atá teoranta do na tréimhsí carntha sin a dtagann a luachanna innéacsaithe laistigh de na raonta innéacsaithe;

(14) ciallaíonn ‘fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha’ carnadh an fhaid arna thaisteal le linn saolré feithicle, arna innéacsú de réir meánluais agus raonta meánmhaise iomlána, agus atá teoranta do thréimhsí carntha a dtagann a luachanna innéacsaithe faoi na raonta innéacsaithe, agus úsáid á baint as an bhfoinse sonraí chéanna a úsáideann odaiméadar na feithicle;

(15) ciallaíonn ‘mais iomlán na feithicle’ mais iomlán mótarfheithicle agus, i gcás cónasc feithiclí, mais iomlán an chónaisc feithicle arna cinneadh ag an bhfaireachán maise infheithicle, i gcileagraim;

(16) ciallaíonn ‘odaiméadar’ uirlis mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún ([8]).

(17) ciallaíonn ‘ceallra’ córas stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe a shuiteáiltear i bhfeithicil leictrithe agus a úsáidtear go príomha chun críoch tarraingthe.

([8]) Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1151/oj).

(18) ciallaíonn ‘fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil’, i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-Chille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh, carnadh an fhuinnimh leictrigh a shreabhann isteach san fheithicil ó sholáthar cumhachta seachtrach atá nasctha trí aon chomhéadan luchtaithe a bhfuil an fheithicil feistithe leis le linn saolré feithicle;

(19) ciallaíonn ‘fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú srutha ailtéarnaigh (SA)’, i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-Chille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh, carnadh an fhuinnimh leictrigh ó luchtú SA a shreabhann isteach san fheithicil ó sholáthar cumhachta seachtrach atá nasctha trí aon chomhéadan luchtaithe a bhfuil an fheithicil feistithe leis le linn saolré feithicle;

(20) ciallaíonn ‘fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú srutha dhírigh (SD)’, i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-Chille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh, carnadh an fhuinnimh leictrigh ó luchtú SD ag sreabhadh isteach san fheithicil ó sholáthar cumhachta seachtrach atá nasctha trí aon chomhéadan luchtaithe a bhfuil an fheithicil feistithe leis le linn saolré feithicle;

(21) ciallaíonn ‘fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra’, i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí eictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-CHille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh, carnadh an fhuinnimh leictrigh a shreabhann isteach sa cheallra ó sholáthar cumhachta seachtrach atá nasctha trí aon chomhéadan luchtaithe lena bhfuil an fheithicil feistithe le linn saolré feithicle, cé is moite d’aon chaillteanas leictreach idir an fhoinse cumhachta sheachtrach agus an ceallra;

(22) ciallaíonn ‘fuinneamh iomlán ceallra arna sholáthar d’úsáid sheachtrach’, i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-Chille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh a bhfuil cumais V2X acu, carnadh an fhuinnimh leictrigh a shreabhann amach as an gceallra agus a úsáidtear le haghaidh fheidhmeanna V2X le linn saolré feithicle;

(23) ciallaíonn ‘fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú SA’, i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-Cille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh, carnadh an fhuinnimh leictrigh ó luchtú srutha ailtéarnaigh a shreabhann isteach sa cheallra ó sholáthar cumhachta seachtrach atá nasctha trí aon chomhéadan luchtaithe lena bhfuil an fheithicil feistithe le linn saolré feithicle;

(24) ciallaíonn ‘fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú DC’, i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-Cille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh, carnadh an fhuinnimh leictrigh ó luchtú srutha dhírigh a shreabhann isteach sa cheallra ó sholáthar cumhachta seachtrach atá nasctha trí aon chomhéadan luchtaithe lena bhfuil an fheithicil feistithe le linn saolré feithicle;

(25) ciallaíonn ‘ídiú cumhachta leictrí feithicle’ an méid fuinnimh leictrigh a sceitear ó aon chóras stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe (ídiú dearfach) nó a luchtaíonn an fheithicil chuig (ídiú diúltach) aon chóras stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe in aghaidh an aonaid ama (i.e. an t-athrú ar staid luchtaithe an cheallra);

(26) ciallaíonn ‘ídiú fuinnimh leictrigh feithicle le linn na tréimhse carntha’ carnadh ídiú cumhachta leictrí na feithicle le linn saolré feithicle, arna innéacsú de réir meánluais agus raonta luachanna meánmhaise iomláine, ach atá teoranta do na tréimhsí carntha sin a dtagann a luachanna innéacsaithe faoi na raonta innéacsaithe;

(27) ciallaíonn ‘ídiú fuinnimh leictrigh feithicle le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall ar siúl’ carnadh ídiú cumhachta leictrí na feithicle le linn saolré feithicle agus an t-inneall ar siúl, arna innéacsú ag raonta luachanna meánluais agus meánmhaise iomláine, ach atá teoranta do na tréimhsí carntha sin a dtagann a luachanna innéacsaithe faoi na raonta innéacsaithe;

(28) ciallaíonn ‘ídiú fuinnimh leictrigh feithicle le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall múchta’ carnadh ídiú cumhachta leictrí na feithicle le linn saolré feithicle agus an t-inneall múchta, arna innéacsú ag raonta meánluais agus meánmhaise iomláine, ach atá teoranta do na tréimhsí carntha sin a dtagann a luachanna innéacsaithe faoi na raonta innéacsaithe;

(29) ciallaíonn ‘fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall ar siúl’ carnadh an fhaid arna thaisteal le linn shaolré na feithicle agus an t-inneall ar siúl, arna innéacsú de réir meánluais agus raonta meánmhaise iomláine, agus atá teoranta do na tréimhsí carntha sin a dtagann a luachanna innéacsaithe faoi na raonta innéacsaithe, agus úsáid á baint as an bhfoinse sonraí chéanna a úsáideann odaiméadar na feithicle;

(30) ciallaíonn ‘fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall múchta’ carnadh an fhaid arna thaisteal le linn shaolré na feithicle agus an t-inneall múchta, arna innéacsú de réir meánluais agus raonta meánmhaise iomláine, agus atá teoranta do na tréimhsí carntha sin a dtagann a luachanna innéacsaithe faoi na raonta innéacsaithe, agus úsáid á baint as an bhfoinse sonraí chéanna a úsáideann odaiméadar na feithicle;

(31) ciallaíonn 'teagmhas luchtaithe' ceallra a luchtú go hiomlán tar éis an critéar scoiteachta a bhaint amach go dtí go mbainfear amach an critéar deiridh luchtaithe, mar a leagtar amach sa nós imeachta cineálcheadaithe;

(32) ciallaíonn 'an fuinneamh iomlán a sholáthraítear do threalamh speisialta infheithicle', i gcás Feithiclí Lánleictreacha, Feithiclí Leictreacha Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh agus Feithiclí Breosla-Chille Hibrideacha Luchtaithe Sheachtraigh a bhfuil cumais 'ePTO' acu, carnadh an fhuinnimh leictrigh a úsáidtear le haghaidh feidhmeanna 'ePTO' le linn saolré feithicle.

(33) ciallaíonn 'feithicil leis an uile rud (V2X)' úsáid na gceallraí tarraingthe chun an t-éileamh seachtrach cumhachta agus fuinnimh a chumhdach, amhail V2G (Feithicil go hEangach) le haghaidh cobhsú eangaí trí úsáid a bhaint as ceallraí tarraingthe, V2F (Feithicil go Saoráid) chun úsáid a bhaint as ceallraí tarraingthe mar stóráil saoráide le haghaidh optamú logánta nó foinsí cumhachta éigeandála le linn cliseadh cumhachta, V2H (Feithicil go Baile) chun ceallraí tarraingthe a úsáid mar stóráil chónaithe le haghaidh optamú logánta nó foinsí cumhachta éigeandála le linn cliseadh cumhachta, agus V2L (Feithicil go Lasta, ní sholáthraítear ach ualaí nasctha) lena n-úsáid tráth cliste cumhachta agus/nó gníomhaíochta lasmuigh i ngnáthamanna;

(34) ciallaíonn 'breosla iomlán breosla-chille arna ídiú' carnadh an mhéid ríofa breosla a instealltar sa bhreosla-chill i gcileagraim le linn saolré feithicle;

(35) ciallaíonn 'am iomlán gníomhach breosla-chille' carnadh an ama iomláin ina n-ídíonn cruach breosla-chille hidrigin agus ina ngineann sé leictreachas in aon mhodh oibriúcháin le linn saolré feithicle;

(36) ciallaíonn 'fuinneamh iomlán an chórais breosla-chille arna ghiniúint' an fuinneamh iomlán a ghineann an bhreosla-chill in kWh le linn saolré feithicle;

(37) ciallaíonn 'breosla breosla-chille arna ídiú' carnadh an mhéid ríofa breosla a instealltar sa bhreosla-chill le linn saolré feithicle, arna innéacsú de réir raonta meánluaos agus meánmhaise iomláine, agus atá teoranta do na tréimhsí carntha sin a dtagann a luachanna innéacsaithe faoi na raonta innéacsaithe;

(38) ciallaíonn 'cineálcheadú astaíochtaí' cineálcheadú córais innill nó aicme inneall mar aonad teicniúil ar leithligh maidir le hastaíochtaí, nó cineálcheadú na feithicle maidir le hastaíochtaí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 595/2009 nó aon chineálcheadú dá bhforáiltear mar rogha mhalartach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/858, de réir mar a bheidh.

(39) ciallaíonn 'údarás cineálcheadaithe deonaithe' an t-údarás atá freagrach as cineálcheadú astaíochtaí a dheonú.

Airteagal 2

Oibleagáidí monaróirí

1. Áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonann dearadh agus feidhmiúlacht na feiste FIFIB na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 agus cuirfidh siad dearbhú sínithe ar fáil don údarás ceadaithe mar a leagtar amach i bpointe 6.1 d'Iarscríbhinn I, lena ndearbhaítear go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an monaróir a dhearbhú ina dhearbhú sínithe mar a leagtar amach i bpointe 6.1 d'Iarscríbhinn I nach gcomhlíonann an t-inneall an ceanglas faireacháin maise infheithicle chun paraiméadar maise iomláine na feithicle a chinneadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Sa chás sin, i gcás feithiclí ag a bhfuil na saintréithe a leagtar amach i bpointe 2.1 d'Iarscríbhinn I, comhlíonfaidh an monaróir atá freagrach as cineálcheaduithe feithicle de réir Airteagal 7 agus Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 nó de réir phointe 2.3 de Rialachán UNR Uimh. 49 an ceanglas sin maidir le faireachán maise infheithicle agus soláthróidh sé dearbhú sínithe comhlíontachta mar a leagtar amach i bpointe 6.2 d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 3

Ceanglais maidir le feistí chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh agus chun mais iomlán na bhfeithiclí agus a gcónasc a chinneadh

1. Déanfar feithiclí ag a bhfuil na saintréithe a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a fheistiú le feiste FIFIB chun mais iomlán na bhfeithiclí sin a chinneadh, chomh maith leis na sonraí sin a stóráil agus a chur ar fáil i bhformáid chaighdeánaithe, de réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Maidir leis an bhfaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn I, áiritheoidh an monaróir go soláthróidh an fheiste FIFIB, ó na dátaí a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I, na luachanna is cruinne is féidir a bhaint amach le córas tomhais agus ríofa na n-aonad rialaithe feithicle.

3. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir le monaróirí ísealtáirgeachta mar a shainmhínítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

4. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir le feithiclí i gcatagóirí M_2 agus N_2 nach mó ná 7.5 tona a n-uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil agus le cineálcheadú malartach faoi Phointe 2.4 d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 582/2011, ná maidir le feithiclí atá cláraithe mar fheithiclí Euro 7ext mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.

5. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir le feithiclí easbhóthair, feithiclí sainchuspóireacha agus feithiclí sainchuspóireacha easbhóthair mar a shainmhínítear, faoi seach, i gCuid A, pointí 2.1., 2.2. agus 2.3., d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

Airteagal 4

Sonraí faireacháin FIFIB

1. Na húdaráis chineálcheadaithe agus na monaróirí atá freagrach as na tástálacha faireacháin a dhéanamh mar a shonraítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I, baileoidh siad, le linn na dtástálacha sin, na sonraí a shonraítear i bpointe 5.1 d'Iarscríbhinn I agus tuairisceoidh an t-údarás cineálcheadaithe na sonraí sin don údarás cineálcheadaithe deonaithe laistigh de mhí amháin.

2. Comhoibreoidh na húdaráis chineálcheadaithe agus na monaróirí atá freagrach as na tástálacha dá dtagraítear i mír 1 go héifeachtúil agus go héifeachtach leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe agus úsáidfidh siad uirlisí agus ardáin an Choimisiúin má chuirtear ar fáil iad.

Airteagal 5

Fíorú comhlíontachta ag an údarás cineálcheadaithe deonaithe

1. Baileoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe sonraí faireacháin ó na tástálacha a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I mar a thuairiscítear in Airteagal 4.

2. Déanfaidh údarás cineálcheadaithe deonaithe measúnú ar na sonraí faireacháin chun a chinneadh an gcomhlíontar na ceanglais chruinnis FIFIB a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn I.

3. Mura gcomhlíontar na ceanglais chruinnis FIFIB dá dtagraítear i mír 2, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) mura gcomhlíontar an ceanglas cruinnis maidir leis an ídiú breosla nó an fad arna thaisteal mar a leagtar amach i dTábla 8 d'Iarscríbhinn I, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe tástáil fíoraithe cruinnis FIFIB agus déanfaidh sé meastóireacht uirthi i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

(b) mura gcomhlíontar an ceanglas cruinnis maidir le mais iomlán na feithicle mar a leagtar amach i dTábla 9 d'Iarscríbhinn I, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe tástáil fíoraithe cruinnis FMIF agus déanfaidh sé meastóireacht uirthi i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

4. Déanfar an tástáil fíoraithe cruinnis FIFIB nó FMIF freisin má tá fianaise nó amhras ar an údarás cineálcheadaithe deonaithe nach bhfuil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 3 á gcomhlíonadh, nó arna iarraidh sin don Choimisiún.

5. Roinnfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe torthaí na dtástálacha fíoraithe cruinnis FIFIB agus fFMIF leis an monaróir agus leis an gCoimisiún 12 mhí ar a dhéanaí tar éis na sonraí faireacháin dá dtagraítear i mír 1 a bhailiú.

6. Arna iarraidh sin don Choimisiún, soláthróidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe torthaí an mheasúnaithe ar na sonraí faireacháin. Féadfar a áireamh leis sin freisin iarraidh ar thorthaí tástála a sholáthar go córasach de réir nós imeachta tiomnaithe.

Airteagal 6

Bearta feabhais

1. Má thagann an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe ar an gconclúid nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 maidir le haicme FIFIB mar a shainmhínítear faoi phointe 2.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, leanfaidh an t-údarás formheasa an nós imeachta le haghaidh bearta feabhais a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh.582/2011.

2. Má thagann an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe ar an gconclúid nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 maidir le haicme faireacháin maise ar bord mar a shainmhínítear faoi phointe 2.2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, leanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe an nós imeachta le haghaidh bearta feabhais a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 582/2011.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

FEISTÍ INFHEITHICLE CHUN FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR ÍDIÚ BREOSLA AGUS FUINNIMH LEICTRIGH NA FEITHICLE AGUS AR A MAIS IOMLÁN

1. RÉAMHRÁ

1.1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na ceanglais ghinearálta maidir le feistí infheithicle chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh (FIFIB) agus maidir le faireachán a dhéanamh ar mhais iomlán i gcás feithiclí de chatagóirí $_{M}2$, M_3, N_2 agus N_3 dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1242.

2. FEISTE FIFIB AGUS CEANGLAIS CHRUINNIS A CHUR I BHFEIDHM

Tábla 1

Dátaí cur i bhfeidhm le haghaidh na feiste FIFIB agus ceanglais chruinnis bunaithe ar an teicneolaíocht tiomána agus ar an timthriall tástála rialála

Teicneolaíocht tiomána	Aonbhreosla, feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, HEV		Feithicil dhébhreosla		Adhaint chomhbhrú, feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, HEV		OVC-HEV		Feithicil lánleictreach ([1])	Feithicil bhreoslachille hibrideach, feithicil bhreoslachille leictreach hibrideach luchtaithe sheachtraigh ([1])	Dáta cur i bhfeidhm d'fheithiclí nuachláraithe
	Breoslaí eile (e.g. GPL, GNL, GN/Bithmheatán, E10, Eatánól)	Hidrigin (inneall dócháin inmheánaigh)	Díosal (B7) agus breoslaí eile (GNL, GPL, GN/Bithmheatán) GPL (Breosla B)	Díosal (B7) agus Hidrigin (inneall dócháin inmheánaigh)	Díosal (B7)	Breoslaí eile (e.g. bithbhreoslaí, ED95/B100)	Díosal (B7), Bithbhreoslaí (ED95, B100)	Breoslaí eile (e.g. GPL, GN/Bithmheatán, E10, E85)			
Ceanglas FIFIB	F ([2])	-	F	-	F	F	T ([3])	T	-	-	1 Iúil 2027 ([g])
	F	F	F	F	F	F	F	F	F	F	29 Bealtaine 2029 ([h])
TDCD ([a])	SE ([4])	-	SE	-	E ([5])	SE	SE	SE	-	-	1 Iúil 2027 ([g]) ([i])
TFCD ([b])	SE	-	SE	-	E	SE	SE	SE	-	-	
FCMC ([c])	SE	-	SE	-	E	SE	SE	SE	-	-	
PEMS ([d])	SE + SM ([6])	-	SE + SM	-	SE + SM	SE + SM	SE + SM	SE + SM	-	-	
VTP ([e])	SE + SM	-	SE + SM	-	E + M ([7])	SE + SM	SE + SM	SE + SM	-	-	

Teicneolaíocht tiomána	Aonbhreosla, feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, HEV		Feithicil dhébhreosla		Adhaint chomhbhrú, feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, HEV		OVC-HEV		Feithicil lánleictreach ([1])	Feithicil bhreoslachille hibrideach, feithicil bhreoslachille leictreach hibrideach luchtaithe sheachtraigh ([1])	Dáta cur i bhfeidhm d'fheithiclí nuachláraithe
	Breoslaí eile (e.g. GPL, GNL, GN/Bithmheatán, E10, Eatánól)	Hidrigin (inneall dócháin inmheánaigh)	Díosal (B7) agus breoslaí eile (GNL, GPL, GN/Bithmheatán) GPL (Breosla B)	Díosal (B7) agus Hidrigin (inneall dócháin inmheánaigh)	Díosal (B7)	Breoslaí eile (e.g. bithbhreoslaí, ED95/B100)	Díosal (B7), Bithbhreoslaí (ED95, B100)	Breoslaí eile (e.g. GPL, GN/Bithmheatán, E10, E85)			
TDCD	E	SE	E	SE	E	E	E	E	-	-	29 Bealtaine 2029 ([h])
TFCD	E	SE	E	SE	E	E	E	E	-	-	
FCMC	E	SE	E	SE	E	E	E	E	-	-	
PEMS	E + M	SE + SM	E + M	SE + SM	E + M	E + M	E + SM	E + SM	-	-	
VTP	E + M	SE + SM	E + M	SE + SM	E + M	E + M	E + SM	E + SM	E + SM	E + SM	
Marthanacht ceallraí ([f])	-	-	-	-	-	-	E + SM	E + SM	E + SM	-	

([1]) Déanfar nósanna imeachta sonracha tástála le haghaidh feithiclí hidrigine agus feithiclí lánleictreacha a shainiú ag céim níos déanaí.
([2]) Le 'F' léirítear na ceanglais iomlána mar a shonraítear i bpointe 3.3.
([3]) Le 'T' léirítear ceanglais idirthréimhseacha mar a shonraítear i bpointe 3.3.2.
([4]) Le 'SE' léirítear faireachas ar chruinneas FFIF mar a shonraítear i bpointe 5.3.
([5]) Le 'E' léirítear go bhfuil feidhm ag ceanglais chruinnis maidir le FFIF mar a shonraítear i bpointe 4.2.
([6]) Le 'SM' léirítear faireachas ar chruinneas FMIF mar a shonraítear i bpointe 5.3.
([7]) Le 'M' léirítear go bhfuil feidhm ag na ceanglais chruinnis maidir le faireachán maise infheithicle mar a shonraítear i bpointe 4.5.

([a]) Tástáil an timthrialla dhíomuain chomhchuibhithe dhomhanda ('TDCD') mar a dhéantar i gcomhréir le pointe 4.3.3. d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.
([b]) Tástáil an timthrialla foistine chomhchuibhithe dhomhanda ('TFCD') mar a dhéantar i gcomhréir le pointe 4.3.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.
([c]) Tástáil an timthrialla mapála ídithe breosla ('FCMC') mar a dhéantar i gcomhréir le pointe 4.3.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.
([d]) Nós imeachta tástála um chórais iniompartha chun astaíochtaí a thomhas ('PEMS') mar a dhéantar é i gcomhréir le hIarscríbhinn 8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe nó le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011.
([e]) Tástáil an nós imeachta tástála fíorúcháin ('VTP') mar a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.
([f]) le cinneadh
([g]) Leibhéal 'Euro VI E+' chun críche an doiciméid dearbhaithe i bpointe 6.
([h]) Leibhéal 'Euro 7' chun críoch an doiciméid dearbhaithe i bpointe 6.
([i]) Ní bheidh feidhm ag forálacha faireacháin maise infheithicle ach amháin maidir le feithiclí ina bhfuil Tras-seoladh Láimhe Uathoibrithe mar a shainmhínítear i bpointe 2(19) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2161/oj

2.1. **Faireachán maise infheithicle**

Ní bheidh feidhm ag na forálacha maidir le faireachán maise infheithicle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ach amháin maidir leis na feithiclí sna grúpaí feithiclí seo a leanas mar a shainítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400:

Grúpaí 4, 5, 9, agus 10 ('tacar grúpa feithiclí #1')

Grúpaí 1s, 1, 2 agus 3 ('tacar grúpa feithiclí #2')

Grúpaí 11, 12 agus 16 ('tacar grúpa feithiclí #3')

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le cóistí agus busanna idiruirbeacha a bhfuil urláir arda acu i ngrúpaí feithiclí 32a, 32b, 32c, 32d, 32e agus 32f mar a shainítear i dTábla 4, grúpaí feithiclí 34a, 34b, 34c, 34d, 34e, 34f, 36a, 36b, 36c, 36d, 36e, agus 36f mar a shainítear i dTábla 5, agus grúpaí feithiclí 38a, 38b, 38c, 38d, 38e, 38f, 40a, 40b, 40c, 40d, 40e, agus 40f mar a shainítear i dTábla 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.

2.2. **Sainmhínithe ar aicme**

2.2.1. Maidir leis an aicme FIFIB, arna cinneadh ag monaróir an innill, beidh sí mar an gcéanna leis an aicme inneall ar cuireadh isteach an dearbhú comhlíontachta mar a leagtar amach i bpointe 6.1 ina leith.

2.2.2. Beidh an aicme FMIF mar an gcéanna leis an aicme FIFIB i gcás nár sholáthair an monaróir atá freagrach as na cineálcheaduithe feithicle de réir Airteagail 7 agus 9 de Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 nó de réir phointe 2.3 de Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiún Aontuithe dearbhú comhlíontachta ar leithligh faoi phointe 6.2.

Mar sin féin, i gcás inar sholáthair an monaróir atá freagrach as cineálcheaduithe feithicle de réir Airteagail 7 agus 9 de Rialachán (AE) 582/2011 nó de réir phointe 2.3 de Rialachán Uimh. 49 ó na Naisiún Aontaithe dearbhú comhlíontachta ar leithligh faoi phointe 6.2, is é a bheidh san aicme FMIF feithiclí uile an mhonaróra sin ag a bhfuil an prionsabal oibre céanna den chóras faireacháin maise infheithicle mar a thuairiscítear sa dearbhú comhlíontachta mar a leagtar amach i bpointe 6.2.

2.2.3. Roghnófar máthair-inneall na haicme i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 5.2.4 d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe agus, i gcás inneall agus feithiclí débhreosla, i gcomhréir le mír 3.1.2 d'Iarscríbhinn 15 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.2.4. I gcás Feithiclí Lánleictreacha, comhlíonfaidh an aicme FIFIB agus an rogha máthairchuideachta, arna cinneadh ag an monaróir, Foscríbhinn 13 a ghabhann le hIarscríbhinn Xb a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400. I gcás mótair leictreacha iolracha nó IEPCanna, is é an ceann ag a bhfuil an chumhacht rátaithe is airde a bheidh sa mháthair-mhótar leictreach.

3. CEANGLAIS MAIDIR LE STÓRÁIL SONRAÍ

3.1. **Ceanglais fhoriomlána**

Cuimsíonn struchtúr ginearálta na faisnéise atá le stóráil luachanna saolré, sonraí carnacha gníomhacha agus sonraí statacha.

Luachanna saolré: Léiríonn an chatagóir seo luachanna comhiomlána arna gcarnadh ón gcéad oibríocht innill i ndiaidh táirgthe.

Sonraí gníomhacha carntha: Is luachanna meandracha iad luachanna a stóráiltear sa chatagóir seo suas le 10 nóiméad oibriúcháin. Aistreoidh an chatagóir sonraí chuig an gcatagóir sonraí statacha, roimh athshocrú go nialas, agus tosóidh sí ag incrimintiú arís nuair a shroicheann an t-am oibriúcháin sa chatagóir seo 10 nóiméad, nó ar mhúchadh an innill. De mhaolú ar an athshocrú, déanfar meánluas na feithicle agus mais iomlán na feithicle a ríomh ag deireadh na tréimhse 10 nóiméad, nó ar mhúchadh an innill, agus déanfar an luach a choinneáil agus a nuashonrú leis an luach ríofa nua ag deireadh na tréimhse ina dhiaidh sin.

Sonraí stataca: Is luachanna carntha iad seo (a aistrítear go boscaí ón gcatagóir sonraí gníomhacha carntha) gach eatramh 10 nóiméad d'oibriú an innill, nó ar mhúchadh an innill, arna shuimiú thar shaolré na feithicle. Is maitrísí iad na sonraí sin, arna n-innéacsú de réir mheánluas agus mheánmhais iomlán na feithicle.

Chomh maith leis na trí chineál faisnéise atá le stóráil, cuirfear luachanna meandracha ar fáil ag minicíocht a sampláladh ag 1 Hz. Léiríonn an chatagóir seo luachanna reatha arna ndíorthú ó staid mheandrach na feithicle, amhail rátaí breosla, treoluas na feithicle, cumhacht choiscthe mheandrach innill agus mais iomlán na feithicle.

3.2. **Ceanglais maidir leis an gcóras FMIF**

3.2.1. *An chainníocht atá le cinneadh*

Cinnfear leis an gcóras FMIF mais iomlán na feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 1(15).

3.2.2. *Ceanglais maidir le comhartha maise iomláine na feithicle*

Craolfar comhartha maise iomláine na feithicle trí CAN i minicíocht 1 Hz ar a laghad san aonad cileagraim (kg). Beidh taifeach maise an chomhartha chraolta 100 kg nó níos fearr.

3.2.3. *Úsáid bhreise a bhaint as comhartha maise iomláine na feithicle chun críoch FIFIB*

Úsáidfear comhartha maise iomláine na feithicle chun sonraí FIFIB a ríomh agus a stóráil i gcomhréir le pointí 3.3. agus 3.5.

3.3. **Paraiméadair atá le taifeadadh**

3.3.1. *Le haghaidh feithiclí faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, feithiclí leictreacha hibrideacha*

Cinnfidh an fheiste FIFIB ar a laghad na paraiméadair dá dtagraítear i dTábla 2 agus stórálfaidh sí an tsaolré agus na luachanna meandracha, agus sonraí gníomhacha carntha agus stataca ar bord na feithicle mar a léirítear i dTábla 2.

Beidh feidhm ag na paraiméadair i dTábla 2 maidir le feithiclí faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh, feithiclí leictreacha hibrideacha, leis na cineálacha breosla a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn seo.

Stórálfar na sonraí stataca carntha mar mhaitrís dhéthoiseach de réir an mheánluais agus mhais iomlán na feithicle mar a chinntear le linn na tréimhse carntha gníomhaí i gcomhréir le pointe 3.4. maidir leis an meánluas agus pointe 3.5. maidir le mais iomlán na feithicle.

Tábla 2

Paraiméadair FIFIB le haghaidh feithicilí innill dócháin inmheánaigh, feithiclí leictreacha hibrideacha

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí stataca (carntha)
1	Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim) ([4]) ([2])	Tá			
1.1	Breosla arna ídiú le linn thréimhse an charntha (cileagraim)			Tá	Tá
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair)	Tá			
2.1	Fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha (ciliméadair)			Tá	Tá

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí stataca (carntha)
3.0	Ráta breosla an innill (graim/soicind)		Tá		
3.1	Ráta breosla na feithicle (graim/soicind)		Tá		
3.2	Luas na feithicle (ciliméadair/uair an chloig)		Tá (luas iarbhír)	Tá (meánluas)	
4	Fuinneamh aschuir innill ([3]) (cileavatuair)	Tá		Tá	Tá
4.1	Cumhacht choiscthe mheandrach innill ([3]) (cileavatanna)		Tá		
5	Mais iomlán na feithicle ([2]) (cileagraim) ([4])			Tá (meánmhais)	

([1]) Déanfar na paraiméadair a thaifeadtar sna sonraí gníomhacha carntha a nuashonrú gach soicind ar a laghad, agus bunaithe ar chomharthaí a dhéantar a shampláil ag minicíocht 1 Heirts ar a laghad. Tá meánluas na feithicle bunaithe ar an bhfad arna thaisteal le linn an eatraimh.

([2]) I gcás feithiclí débhreosla, beidh an t-ídiú breosla carntha saolré iomlán cothrom le suim gach breosla Déanfar idirdhealú sa mhaitrís maise idir an dá bhreosla agus beidh maitrís ar leithligh ann in aghaidh an bhreosla

([3]) Cumhacht choiscthe mheandrach innill atá le ríomh ó chasmhóimint agus ó luas an innill, arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, agus carntha (ag 1 Hz) chun fuinneamh aschuir an innill a thabhairt mar mhaitrís.

([4]) Comhartha atá le tabhairt i gcomhréir le pointe 3.2.2.

3.3.2. *I gcás feithiclí leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh*

I gcás feithicil leictreach hibrideach luchtaithe sheachtraigh, mar a shainmhínítear i bpointe 2(30) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 agus i gcás cineálacha breosla mar a shonraítear i dTábla 1, cinnfidh an fheiste FIFIB na paraiméadair seo a leanas ar a laghad agus stórálfaidh sí an tsaolré agus na luachanna meandracha, agus luachanna sonraí gníomhacha carntha agus stataca ar bord na feithicle mar a léirítear i dTábla 3.

Maidir leis an gcur chun feidhme idirthréimhseach, mar a léirítear i dTábla 1, éileoidh feithiclí leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh gach luach saolré agus meandrach, agus sonraí gníomhacha carntha agus stataca mar a leagtar amach i dTábla 2, chomh maith leis an bhfuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra agus fuinneamh iomlán ceallra arna sholáthar d'úsáid sheachtrach.

Tábla 3

ParaiméadairFIFIB le haghaidh feithiclí leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha ([1])	Sonraí gníomhacha carntha	Sonraí stataca (carntha)
1	Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim)	Tá			
1.1	Breosla arna ídiú le linn thréimhse an charntha (cileagraim)		Tá	Tá	Tá
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair)	Tá			
2.2	Fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall ar siúl (ciliméadair)		Tá	Tá	Tá

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha [1]	Sonraí gníomhacha carntha	Sonraí statacha (carntha)
2.3	Fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall múchta (ciliméadair)		Tá	Tá	Tá
3.0	Ráta breosla an innill (graim/soicind)		Tá		
3.1	Ráta breosla na feithicle (graim/soicind)		Tá		
3.2	Luas na feithicle (ciliméadair/uair an chloig)		Tá	Tá	
4	Fuinneamh aschuir innill le linn na tréimhse carntha (cileavatuair)		Tá	Tá	Tá
5	Mais iomlán na feithicle [2] (cileagraim)			Tá (meánmhais)	
6	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil (saolré) (cileavatuair)	Tá			
6,1	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú SA (saolré) (cileavatuair)	Tá			
6,2	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú SD (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7.1	Fuinneamh iomlán ceallra arna sholáthar d'úsáid sheachtrach (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7.2	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú SA (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7,3	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú SD (saolré) kWh	Tá			
7,4	Fuinneamh iomlán ceallra arna sholáthar do threalamh speisialta infheithicle	Tá			
8	Ídiú cumhachta leictrí na feithicle (cileavatanna)		Tá		
8.2	Ídiú fuinnimh leictrigh feithicle le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall ar siúl (cileavatuair)			Tá	Tá

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha ([1])	Sonraí gníomhacha carntha	Sonraí stataca (carntha)
8.3	Ídiú fuinnimh leictrigh feithicle le linn na tréimhse carntha agus an t-inneall múchta (cileavatuair)			Tá	Tá
9.1	Sruth ceallra (A)		Tá		
9.2	Voltas ceallra (V)		Tá		
9.3	Staid luchtaithe an cheallra (%)		Tá		
9,4	Staid sláinte an cheallra (%)		Tá		

([1]) Déanfar na paraiméadair a thaifeadtar sna sonraí gníomhacha carntha a nuashonrú gach soicind ar a laghad, agus bunaithe ar chomharthaí a dhéantar a shampláil ag minicíocht 1 Heirts ar a laghad. Tá meánluas na feithicle bunaithe ar an bhfad arna thaisteal le linn an eatraimh.
([2]) Comhartha atá le tabhairt i gcomhréir le pointe 3.2.2.

3.3.3. *Le haghaidh feithiclí lánleictreacha*

I gcás feithiclí lánleictreacha, mar a shainmhínítear i bpointe 2(34) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, cinnfidh an fheiste FIFIB ar a laghad na paraiméadair dá dtagraítear i dTábla 4 agus stórálfaidh sí an tsaolré agus na luachanna meandracha, agus sonraí gníomhacha carntha agus stataca ar bord na feithicle mar a léirítear i dTábla 5.

Tábla 4

Paraiméadair FIFIB le haghaidh feithiclí lánleictreacha

Tagairt	Paraiméadar	Luach-anna saolré	Luachanna meandracha ([1])	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí stataca (carntha)
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair)	Tá			
2.1	Fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha (ciliméadair)			Tá	Tá
3.2	Luas na feithicle (ciliméadair/uair an chloig)		Tá (luas iarbhír)	Tá (meánluas)	
5	Mais iomlán na feithicle (féach Nóta 2) (cileagraim) ([2])			Tá (meánmhais)	
6	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil (saolré) (cileavatuair)	Tá			
6,1	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú SA (saolré) (cileavatuair)	Tá			
6,2	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú SD (saolré) (cileavatuair)	Tá			

Tagairt	Paraiméadar	Luach-anna saolré	Luachanna meandracha ([1])	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí stataca (carntha)
7	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7.1	Fuinneamh iomlán ceallra a sholáthraítear d'úsáid sheachtrach (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7.2	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú SA (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7,3	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú SD (saolré)	Tá			
7,4	Fuinneamh iomlán ceallra arna sholáthar do threalamh speisialta infheithicle	Tá			
8	Ídiú cumhachta leictrí na feithicle (cileavatanna)		Tá		
8.1	Ídiú fuinnimh leictrigh feithicle le linn na tréimhse carntha (cileavatuair)			Tá	Tá
9.1	Sruth ceallra (A)		Tá		
9.2	Voltas ceallra (V)		Tá		
9.3	Staid luchtaithe an cheallra (%)		Tá		
9,4	Staid sláinte an cheallra (%)		Tá		

([1]) Déanfar na paraiméadair a thaifeadtar sna sonraí gníomhacha carntha a nuashonrú gach soicind ar a laghad, agus bunaithe ar chomharthaí a dhéantar a shampláil ag minicíocht 1 Heirts ar a laghad. Tá meánluas na feithicle bunaithe ar an bhfad arna thaisteal le linn an eatraimh.
([2]) Comhartha atá le tabhairt i gcomhréir le pointe 3.2.2.

3.3.4. *Le haghaidh feithiclí breosla-chille hibrideacha*

Maidir le feithiclí hibrideacha breosla-chille, mar a shainmhínítear i bpointe 2(13) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, cinnfidh an fheiste FIFIB ar a laghad na paraiméadair dá dtagraítear i dTábla 5 agus stórálfaidh sí an tsaolré agus sonraí meandracha, sonraí gníomhacha carntha agus stataca ar bord na feithicle mar a léirítear i dTábla 5.

Tábla 5

Paraiméadair FIFIB le haghaidh feithiclí hibrideacha breosla-chille

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha ([1])	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí stataca (carntha)
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair)	Tá			

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha ([1])	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí stataca (carntha)
2.1	Fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha (ciliméadair)			Tá	Tá
3.2	Luas na feithicle (ciliméadair/uair an chloig)		Tá (luas iarbhír)	Tá (meánluas)	
5	Mais iomlán na feithicle ([2]) (cileagraim)			Tá (meánmhais)	
10	Breosla iomlán breosla-chille a thoimhdítear (Saolré) (cileagraim)	Tá			
10.1	Am Gníomhach Iomlán Breosla-Chille (Saolré) (soicind)	Tá			
10.2	Fuinneamh Iomlán an Chórais Breosla-Chille arna Ghiniúint (Saolré) (kWh)	Tá			
11	Breosla breosla-chille arna ídiú le linn thréimhse an charntha (cileagraim)			Tá	Tá

([1]) Déanfar na paraiméadair a thaifeadtar sna sonraí gníomhacha carntha a nuashonrú gach soicind ar a laghad, agus bunaithe ar chomharthaí a dhéantar a shampláil ag minicíocht 1 Heirts ar a laghad. Tá meánluas na feithicle bunaithe ar an bhfad arna thaisteal le linn an eatraimh.

([2]) Comhartha atá le tabhairt i gcomhréir le pointe 3.2.2.

3.3.5. *Le haghaidh feithiclí breosla-chille hibrideacha luchtaithe sheachtraigh*

Maidir le feithiclí breosla-chille leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh, mar a shainmhínítear i bpointe 2(48) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, cinnfidh an fheisteFIFIB na paraiméadair dá dtagraítear i dTábla 6 ar a laghad agus stórálfaidh sí an tsaolré agus na sonraí meandracha, na sonraí gníomhacha carntha agus stataca ar bord na feithicle mar a léirítear i dTábla 6.

Tábla 6

Paraiméadair FIFIB le haghaidh feithiclí breosla-chille leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí stataca (carntha)
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair)	Tá			
2.1	Fad arna thaisteal le linn na tréimhse carntha (ciliméadair)			Tá	Tá
3.2	Luas na feithicle (ciliméadair/uair an chloig)		Tá (luas iarbhír)	Tá (meánluas)	
5	Mais iomlán na feithicle ([2]) (cileagraim)			Tá (meánmhais)	

Tagairt	Paraiméadar	Luachanna saolré	Luachanna meandracha	Sonraí gníomhacha carntha ([1])	Sonraí statacha (carntha)
6	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil (saolré) (cileavatuair)	Tá			
6,1	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú SA (saolré) (cileavatuair)	Tá			
6,2	Fuinneamh leictreach iomlán isteach san fheithicil le linn luchtú SD (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7.1	Fuinneamh iomlán ceallra arna sholáthar d'úsáid sheachtrach (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7.2	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú SA (saolré) (cileavatuair)	Tá			
7,3	Fuinneamh leictreach iomlán isteach sa cheallra le linn luchtú SD (saolré)	Tá			
7,4	Fuinneamh iomlán ceallra arna sholáthar do threalamh speisialta infheithicle	Tá			
8	Ídiú cumhachta leictrí na feithicle (cileavatanna)		Tá		
8.1	Ídiú fuinnimh leictrigh feithicle le linn na tréimhse carntha (cileavatuair)			Tá	Tá
10	Breosla iomlán breosla-chille a thoimhdítear (Saolré) (cileagraim)	Tá			
10.1	Am Gníomhach Iomlán Breosla-Chille (Saolré) (soicind)	Tá			
10.2	Fuinneamh Iomlán an Chórais Breosla-Chille arna Ghiniúint (Saolré) (cileavatuair)	Tá			
11	Breosla breosla-chille arna ídiú le linn thréimhse an charntha (cileagraim)			Tá	Tá

([1]) Déanfar na paraiméadair a thaifeadtar sna sonraí gníomhacha carntha a nuashonrú gach soicind ar a laghad, agus bunaithe ar chomharthaí a dhéantar a shampláil ag minicíocht 1 Heirts ar a laghad. Tá meánluas na feithicle bunaithe ar an bhfad arna thaisteal le linn an eatraimh.

([2]) Comhartha atá le tabhairt i gcomhréir le pointe 3.2.2.

3.4. **Ríomh an mheánluais thar thréimhse an charntha**

Ag deireadh na tréimhse carntha gníomhaí (10 nóiméad, nó ar mhúchadh an innill), déantar an fadarna thaisteal a thiontú go meánluas.

I gcás ina sainítear deireadh na tréimhse carntha gníomhaí leis an 10 nóiméad atá caite, sainmhínítear an meánluas mar seo a leanas:

Meánluas thar an tréimhse charntha = fad arna thaisteal × 60 /10 nóiméad (km/u)

I gcás ina sainítear an tréimhse charntha ghníomhach le múchadh an innill, sainítear an meánluas mar seo a leanas:

Meánluas thar an tréimhse charntha = fad arna thaisteal × 60 / líon nóiméad ó dheireadh na tréimhse carntha deireanaí agus an t-inneall múchta (km/u)

3.5. **Maitrís sonraí statacha**

3.5.1. *Aicmiú meánluais*

I gcás gach feithicle, bíonn ceithre mheán-achar ama ar leith ann, agus fuinneog amháin ina stórálfar sonraí sna cásanna a shonraítear i bpointe 3.6:

Ag feidhmiú ar luas réchasta (ar luas an-íseal), I, gan oibriú PTO I < 1.6 km/h

Oibriú réchasta (ar luas an-íseal), I (PTO), le hoibríocht PTO I (PTO) < 1.6 km/h

Luas reatha uirbeach, U 1.6 ≤ U < 60 km/h

Gluaiseacht ar luas níos airde, H H ≥ 60 km/h

Níl sonraí luais ar fáil

Úsáidfear an meánluas, mar a chinntear tar éis an ríomha in 3.4. chun an t-innéacs a chinneadh i maitrís mheánmhaise iomláine na feithicle.

3.5.2. *Maitrís mheánmhaise iomláine na feithicle*

Úsáidfear meánmheáchan iomlán tréimhse carntha chun an t-innéacs a chinneadh i maitrís mheánmhaise iomláine na feithicle. Déanfar meánmhais iomlán na feithicle a ríomh agus a scálú de réir na modheolaíochta a thuairiscítear i bpointe 3.2. Ní fhéadfar fuinneog ‘níl sonraí maise ar fáil’ a úsáid ach amháin sa chás a shonraítear i bpointe 3.6.1..

Maidir le gach feithicil, tá feidhm ag na fuinneoga meánmhaise céanna:

N — N + 1 000 kg i gcás maise ó 2 000 kg go 16 000 kg

N — N + 2 000 kg i gcás maise ó 16 000 kg go 26 000 kg

N — N + 3 000 kg i gcás maise ó 26 000 kg go 41 000 kg

N — N + 4 000 kg i gcás maise ó 41 000 kg go 49 000 kg

N — N + 5 000 kg i gcás maise ó 49 000 go 59 000 kg

N — N + 6 000 kg i gcás maise ó 59 000 go 65 000 kg

65 000 kg agus níos mó

Níl sonraí maise ar fáil

3.5.3. *Maitrís sonraí stataca na feiste FIFIB*

Déanfar an mhaitrís sonraí stataca FIFIB a innéacsú de réir mheánluas na feithicle le linn na tréimhse carntha, mar a leagtar amach i bpointe 3.5.1 tar éis an ríomha i bpointe 3.4, agus de réir mheánmhais iomlán na feithicle mar a shonraítear i bpointe 3.5.2 agus a chinntear le linn na tréimhse carntha maise.

Is iad na luachanna atá le hinnéacsú le haghaidh gach cineáil breosla na luachanna stataca (sonraí carntha) mar a shonraítear i bpointe 3.3. Stórálfar maitrís sonraí ar leithligh le haghaidh gach ceann de na paraiméadair sonraí stataca. Déantar meastóireacht ar gach paraiméadar thar an eatramh ama céanna le haghaidh an luais agus na maise.

Maidir le cumraíochtaí feithiclí tromshaothair nach bhfuil ceanglas acu maidir le córas faireacháin maise infheithicle (FMIF), mar a shonraítear i bpointe 2.1, níl meánmhais iomlán na feithicle infheidhme. Soláthróidh na feithiclí sin na luachanna stataca carntha ábhartha sa mhaitrís sonraí stataca FIFIB arna hinnéacsú ag luas gníomhach na feithicle agus an fhuinneog 'níl sonraí maise ar fáil' mar a shonraítear i bpointe 3.5.2.

Mura féidir sonraí mhais na feithicle a chinneadh, mar a shonraítear i bpointe 3.6(1), taifeadfaidh na feithiclí sin freisin na sonraí stataca arna n-innéacsú ag meánluas carntha gníomhach na feithicle mar a shonraítear i bpointe 3.5.1 agus an fhuinneog 'níl sonraí maise ar fáil'.

Mura féidir sonraí mheánluas na feithicle a chinneadh, mar a shonraítear i bpointe 3.6(2), taifeadfaidh na feithiclí sin na sonraí stataca arna n-innéacsú ag 'níl sonraí luais ar fáil' agus leis an achar ama meánmhaise mar a leagtar amach i bpointe 3.5.2.

3.6. **Infhaighteacht sonraí**

D'fhéadfadh dhá chás a bheith ann nach bhfuil sonraí ar fáil chun an t-innéacs maise agus luais araon a chinneadh:

(1) an líonra cumarsáide chun léamh maise a fháil, nó na comharthaí is gá chun na léamha maise a sholáthar, níl siad ag feidhmiú nó ní cheanglaítear ar an bhfeithicil córas faireacháin maise ar bord a bheith aici;

(2) an líonra cumarsáide chun léamha luais a fháil, nó na comharthaí is gá chun na léamha luais a sholáthar, níl siad ag feidhmiú.

I gcás nach bhfuil na sonraí maise ar fáil, d'ainneoin na gcoinníollacha reoite nó athshocraithe a shonraítear i bpointe 3.7, déanfar sonraí a logáil fós sa mhaitrís sonraí stataca FIFIB arna hinnéacsú ag an meánluas agus 'níl sonraí maise ar fáil'.

I gcás nach bhfuil sonraí luais na feithicle ar fáil, agus i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha reoite nó athshocraithe a shonraítear i bpointe 3.7, déanfar sonraí a logáil fós sa mhaitrís sonraí stataca FIFIB arna hinnéacsú ag meánmhais iomlán na feithicle arna cinneadh le linn na tréimhse carntha maise agus 'níl sonraí luais ar fáil'.

Léireoidh áiritheoir saolré minicíocht na dtarluithe sin.

3.7. **Rochtain ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an bhfeiste FIFIB**

3.7.1. Leis an bhfeiste FIFIB, déanfar foráil maidir le rochtain chaighdeánaithe agus neamhshrianta ar an bhfaisnéis a shonraítear i bpointe 3.3 agus beidh sí i gcomhréir leis na caighdeáin dá dtagraítear i mír 4.7.3 d'Iarscríbhinn 9B a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip, SAE J1979, SAE J1979-2 nó SAE J1979-3.

3.7.2. De mhaolú ar na coinníollacha athshocraithe a shonraítear sna caighdeáin dá dtagraítear i bpointe 3.7.1, nuair a bheidh an fheithicil i mbun seirbhíse, caomhnófar luachanna na n-áiritheoirí saolré, ach amháin sna cásanna dá dtagraítear i bpointí 3.7.3. agus 3.7.4.

3.7.3. Ní mór luachanna na n-áiritheoirí saolré a chaomhnú lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an ceallra dínasctha ón bhfeithicil. Ní fhéadfar iad a scriosadh ach amháin sna himthosca eisceachtúla atá sainithe i bpointe 3.7.4.

3.7.4. Stórálfar áiritheoirí saolré i gCuimhne Randamrochtana Neamhluaineach agus d'fhéadfadh sé nach mbeidís in-léirscriosta trí aon ordú uirlise scanta nó trí chumhacht a dhínascadh chuig an ríomhaire infheithicle, nó nuair a dhéantar an modúl rialaithe ina bhfuil na cuntair a athchlárú. Ní fhéadfar áiritheoirí saolré a scriosadh ach amháin in éineacht le hathchlárú na hUimhreach Aitheantais Feithicle nó na Sraithuimhreach Inneall. Sna cásanna sin amháin, féadfar gach uimhir den fheiste FIFIB a athshocrú go comhuaineach chun a áirithiú go bhfanfaidh na luachanna go hiomlán sioncronaithe.

4. CEANGLAIS CHRUINNIS

4.1. Maidir leis an bhfaisnéis a shonraítear i roinn 3, áiritheoidh an monaróir go soláthraíonn an feiste FIFIB na luachanna is cruinne is féidir le córas tomhais agus ríomha an aonaid rialaithe innill a fháil.

4.2. D'ainneoin mhír 4.1, comhlíonfaidh feidhmíocht FFIF arna cinneadh maidir leis na tástálacha faireacháin i gcomhréir le Tábla 1 na coinníollacha a shonraítear i dTábla 8. Beidh cruinneas an ídithe breosla arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB idir na teorainneacha cruinnis íochtaracha agus uachtaracha.

Tábla 7

Ceanglais maidir le cruinneas ídithe FFIF

Tástáil	Cruinneas Ídithe $Breosla_{Tástáil,FC}$ (íochtair) (1) (2)	Cruinneas Ídithe $Breosla_{Tástáil,FC}$ (uachtair) (1) (2)	Cruinneas an fhaid $Cruinneas_{TÁSTÁIL,Fad}$ (1)
TDCD	-0,10	0,05	-
TFCD	-0,10	0,05	-
FCMC	-0,10	0,05	-
PEMS	-0,15	0,10	± 0,05
VTP	-0,15	0,075	± 0,05
Marthanacht ceallraí	-0,15	0,075	± 0,05

(1) Ciallaíonn 'cruinneas' anseo an diall arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB i gcomparáid le tagairt thomhaiste le linn tástála, arna ríomh don ídiú breosla i gcomhréir le pointe 4.3 agus don fhad iomlán arna thaisteal i gcomhréir le pointe 4.4.
(2) Cinnfear ceanglais chruinnis le haghaidh feithiclí débhreosla bunaithe ar mheastóireacht ar na sonraí faireacháin.

4.3. Ríomhfar cruinneas an ídithe breosla saolré arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB le trí dheachúil agus úsáid á baint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$Cruinneas_{TÁSTÁIL,FC} = \frac{Breosla_Ídithe_{TEST} - Breosla_Ídithe_{FFIF}}{Breosla_Ídithe_{TÁSTÁIL}}$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

$Cruinneas_{TÁSTÁIL,FC}$ an cruinneas a chinntear tríd an difríocht idir an t-ídiú breosla arna chinneadh thar fhad na tástála agus an t-ídiú breosla arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB a ghlacadh le linn na tástála céanna thar an eatramh ama céanna. I gcás na tástála TDCD is é seo $Cruinneas_{TDCD}$, i gcás na tástála FCMC, is é seo $Cruinneas_{FCMC}$, i gcás na tástála VTP is é seo $Cruinneas_{VTP,FC}$ agus i gcás na tástála PEMS is é seo $Cruinneas_{PEMS,FC}$.

Breosla_Ídithe$_{TÁSTÁIL}$ (cileagraim)	an t-ídiú breosla arna chinneadh i gcomhréir le pointe 5.2, agus úsáid á baint as na sonraí tomhais arna gcomhroinnt i gcomhréir le mír 5.1. I gcás na tástála TDCD, is é seo *Breosla_Ídithe*$_{TDCD}$, i gcás na tástála TFCD, is é seo *Breosla_Ídithe*$_{TFCD}$, i gcás na tástála FCMC, is é seo *Breosla_Ídithe*$_{FCMC}$, i gcás na tástála VTP is é seo *Breosla_Ídithe*$_{VTP}$ agus i gcás na tástála PEMS is é seo *Breosla_Ídithe*$_{PEMS}$.
Breosla_Ídthe$_{TDCD}$ (cileagraim)	an t-ídiú breosla arna chinneadh ag an tástáil TDCD arna dhéanamh i gcomhréir le pointe 4.3.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, agus arna ríomh i gcomhréir le pointe 5.2.1 den Iarscríbhinn seo.
Breosla_Ídithe$_{TFCD}$ (cileagraim)	an t-ídiú breosla arna chinneadh ag an tástáil TFCD arna dhéanamh i gcomhréir le pointe 4.3.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, agus arna ríomh i gcomhréir le pointe 5.2.1 den Iarscríbhinn seo.
Breosla_Ídithe$_{FCMC}$ (cileagraim)	an t-ídiú breosla arna chinneadh ag an tástáil FCMC arna dhéanamh i gcomhréir le pointe 4.3.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, agus arna ríomh i gcomhréir le pointe 5.2.1 den Iarscríbhinn seo.
Breosla_Ídithe$_{VTP}$ (cileagraim)	an t-ídiú breosla arna thomhas ag an nós imeachta tástála fíorúcháin, i gcomhréir le pointe 6.1.5.5 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 agus arna thuairisciú sa tuarascáil tástála i gcomhréir le pointe 8.13.15.11 den Iarscríbhinn sin.
Breosla_Ídithe$_{PEMS}$ (cileagraim)	an t-ídiú breosla le linn an nós imeachta tástála le haghaidh tástáil astaíochtaí feithicle le córais iniompartha chun astaíochtaí a thomhas i gcomhréir le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 582/2011 nó le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 582/2011, agus arna ríomh i gcomhréir le pointe 5.2.2 den Iarscríbhinn seo. Má thomhaistear an t-ídiú breosla i gcomhréir le pointe 5.1.3(2), déanfar an breosla iomlán arna ídiú a ríomh i gcomhréir le pointe 5.2.1 den Iarscríbhinn seo.
Breosla_Ídithe$_{OBEM}$ (cileagraim)	is é sin an t-ídiú breosla arna chinneadh le haghaidh na tástála céanna agus úsáid á baint as difreálaigh an pharaiméadair 'Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim)' arna sholáthar ag an bhfeiste FIFIB le linn na tréimhse céanna leis an *Breosla_Ídithe*$_{TÁSTÁIL}$ agus a bhailítear i gcomhréir le pointe 5.1.

4.4. Déanfar cruinneas an fhaid iomláin arna thaisteal (saolré) (km) arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB a ríomh le trí dheachúil agus úsáid á baint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$Cruinneas_{TÁSTÁIL,Fad} = \frac{Fad_Iomlán_{TÁSTÁIL} - Fad_Iomlán_{FFIF}}{Fad_Iomlán_{TÁSTÁIL}}$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

Cruinneas$_{TÁSTÁIL,Fad}$	is é sin an cruinneas a chinntear tríd an difríocht idir an fad arna chinneadh ag tástáil agus an fad arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB a ghlacadh le linn na tástála céanna thar an eatramh ama céanna. I gcás na tástála VTP is é seo *Cruinneas*$_{VTP,Fad}$ agus i gcás thástáil PEMS is é seo *Cruinneas*$_{PEMS,Fad}$.
Fad_Iomlán$_{TÁSTÁIL}$ (ciliméadair)	is é sin an fad iomlán arna chinneadh ag an tástáil a rinneadh chun cruinneas na feiste FIFIB a fhíorú. I gcás na tástála VTP is é seo *Fad_Iomlán*$_{VTP}$, i gcás na tástála PEMS, is é seo *Fad_Iomlán*$_{PEMS}$.

Fad_Iomlán$_{VTP}$ (ciliméadair)	is é sin an fad iomlán a chinntear trí dhifreálaigh léamh an odaiméadair a dhéanamh idir deireadh na tástála agus tús na tástála den nós imeachta tástála fíorúcháin mar a thuairiscítear sa nós imeachta tuairiscithe tástála i gcomhréir le pointí 8.1.7 agus 8.13.15.10 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 agus arna roinnt i gcomhréir le pointe 5.1.2 den Iarscríbhinn seo.
Fad_Iomlán$_{PEMS}$ (ciliméadair)	is é sin an fad iomlán a chinntear trí na difreálacha ar léamh an odaiméadair a thógáil idir deireadh na tástála agus tús na tástála le haghaidh tástáil astaíochtaí feithicle le córais iniompartha chun astaíochtaí a thomhas i gcomhréir le Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 nó le Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin, mar a thuairiscítear i gcomhréir le pointí 10.1.7.1 agus 10.1.7.1a d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin agus arna roinnt i gcomhréir le pointe 5.1.3 den Iarscríbhinn seo.
Fad_Iomlán$_{OBEM}$ (ciliméadair)	is é sin an fad iomlán a chinntear le haghaidh na tástála céanna agus úsáid á baint as difreálaigh an pharaiméadair 'fad iomlán arna thaisteal (saolré)' arna sholáthar ag an bhfeiste FIFIB le linn na tréimhse céanna leis an *Fad_Iomlán*$_{TÁSTÁIL}$ agus arna bhailiú i gcomhréir le pointí 5.1.2 agus 5.1.3.

4.5. **Meastóireacht ar dhialltaí maidir le mais iomlán na feithicle (MI) leis an mais tagartha**

Is éard a bheidh sa mhais tagartha (MI_{tag}) chun cruinneas an chórais FMIF a fhíorú an luach arna chinneadh tríd an bhfeithicil a mheá ar an droichead meáite mar a leagtar amach i bpointe 2.5.2 d'Iarscríbhinn III.

4.5.1. *Na sonraí tomhais a roinnt ina bhfuinneoga meastóireachta (FM)*

Déantar meastóireacht ar an gcomhartha *MI* ar bhonn tréimhsí neamhfhorluiteacha 10 nóiméad a leanann a chéile go rianúil agus dá ngairtear FManna. Sainmhínítear an chéad FM mar an tréimhse ama 10 nóiméad a thosaíonn 15 nóiméad tar éis chéad ghluaiseacht na feithicle mar a thaifeadtar sa tréimhse thomhais. Ní chuirfear an chuid dheireanach den taifeadadh sonraí sa tréimhse thomhais atá níos giorra ná 10 nóiméad san áireamh sa mheastóireacht.

Roinntear an comhartha *MI* leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe i gcomhréir le pointe 5.1.2. don tástáil VTP a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, agus i gcomhréir le pointe 5.1.3. le haghaidh thástáil PEMS mar a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011.

4.5.2. *Ríomh an diallta choibhneasta agus an dearbhdhiallais le haghaidh gach FM*

I gcás gach FM ina bhfuil pointí sonraí taifeadta *n* $MI_{FM,i}$ ríomhfar an diall coibhneasta agus $\mu_{rel,j}$an dearbhdhiallas $\mu_{abs,j}$ mar a leanas:

diall coibhneasta le haghaidh an FM *j* [%]:

$$\mu_{rel,j} = \frac{1}{600} \sum_{i=1}^{n} \frac{MI_{FM,i} - MI_{tag}}{MI_{tag}}$$

dearbhdhiallas le haghaidh FM *j* [kg]:

$$\mu_{abs,j} = \frac{1}{600} \sum_{i=1}^{n} (MI_{FM,i} - MI_{tag})$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

léiríonn *i* innéacs pointe sonraí taifeadta aonair in FM

léiríonn *j* innéacs na bhfuinneog meastóireachta

4.5.3. *Meándiall coibhneasta agus meándiall caighdeánach absalóideach don tástáil iomlán a ríomh*

Meándiall coibhneasta:

$$\overline{\mu_{rel}} = \frac{1}{N}\sum_{j=1}^{N}\mu_{rel,j}$$

Meándiall caighdeánach coibhneasta:

$$\overline{\sigma_{rel}} = \sqrt{\frac{1}{N-1}\sum_{j=1}^{N}|\mu_{rel,j} - \overline{\mu_{rel}}|^2}$$

Meándiall absalóideach (kg):

$$\overline{\mu_{abs}} = \frac{1}{N}\sum_{j=1}^{N}\mu_{abs,j}$$

Meándiall caighdeánach absalóideach:

$$\overline{\sigma_{abs}} = \sqrt{\frac{1}{N-1}\sum_{j=1}^{N}|\mu_{abs,j} - \overline{\mu_{abs}}|^2}$$

i gcás inarb ionann *N* agus an líon FManna tomhaiste.

4.5.4. *Critéir pas/teipe*

Sásaíonn feithicil ceanglais chruinnis FMIF i gcás

$$\overline{|\mu_{rel}|} + f_\sigma * \overline{\sigma_{rel}} \le Tol_{rel}$$

nó

$$\overline{|\mu_{abs}|} + f_\sigma * \overline{\sigma_{abs}} \le Tol_{abs}$$

i gcás nach gcomhlíontar ach an critéar arb é an luach is airde i gcileagraim an toradh a bheidh ar an lamháltas.

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

Tol_{rel} an lamháltas coibhneasta

Tol_{abs} an lamháltas absalóideach

f_σ an fachtóir chun an diall caighdeánach a chur san áireamh

Leagtar amach na paraiméadair a liostaítear thuas i dTábla 8 ag brath ar an ngrúpa feithiclí a shainítear i bpointe 2.1 agus ar an gcóras tiomána dá dtagraítear i dTábla 1.

Tábla 8

Paraiméadair do chritéir pas/teipe

Córas tiomána ([1])	Tacar grúpa feithiclí											
	#1 (grúpaí 4, 5, 9 agus 10)			**#2** (grúpaí 1, 1s, 2, agus 3)			**#3** (11, 12 agus 16)			Cóistí agus busanna idiruirbeacha		
	Tol_{rel} [-]	Tol_{abs} [kg]	f_{σ}	Tol_{rel} [-]	Tol_{abs} [kg]	f_{σ}	Tol_{rel} [-]	Tol_{abs} [kg]	f_{σ}	Tol_{rel} [-]	Tol_{abs} [kg]	f_{σ}
Inneall dócháin inmheánaigh Díosail adhainte comhbhrú	10 %	1 500	1	10 %	1 500	0	10 %	2 500	0	10 %	1 500	0
Inneall dócháin inmheánaigh Gáis Nádúrtha adhainte deimhní agus adhainte comhbhrú (débhreosla)	10 %	2 500	0	10 %	1 500	0	10 %	2 500	0	10 %	2 500	0
PEVanna	10 %	1 500	1	10 %	1 500	0	10 %	2 500	0	10 %	1 500	0

([1]) Áirítear le córais ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh cumraíochtaí feithiclí leictreacha hibrideacha

5. FAIREACHÁN AGUS FÍORÚ A DHÉANAMH AR CHEANGLAIS CHRUINNIS

5.1. **Sonraí faireacháin cruinnis a bhailiú**

5.1.1. *Bailiú sonraí faireacháin cruinnis TDCD/TFCD/FCMC*

(1) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe a dhéanann an tástáil TDCD i gcomhréir le pointe 4.3.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 an fhaisnéis seo a leanas a chomhroinnt leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe:

(a) faisnéis a leagtar amach i dTábla 9 den Iarscríbhinn seo le haghaidh na tástála TDCD;

(b) faisnéis le linn na tréimhse tástála céanna maidir le sreabhadh maise breosla iarbhír a ídíonn an t-inneall i gcomhréir le pointe 3.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 le linn na tástála TDCD ar fad agus dá dtagraítear i bpointe 4.3.3.1 den Iarscríbhinn sin.

(2) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe a dhéanann an tástáil TFCD i gcomhréir le Pointe 4.3.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 an fhaisnéis seo a leanas a chomhroinnt leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe:

(a) faisnéis a leagtar amach i dTábla 9 mar a taifeadadh le haghaidh na tástála TFCD;

(b) faisnéis le linn na tréimhse tástála céanna maidir le sreabhadh maise breosla iarbhír a ídíonn an t-inneall i gcomhréir le pointe 3.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 le linn na tástála TFCD ar fad agus dá dtagraítear i bpointe 4.3.4.1 den Iarscríbhinn sin.

(3) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe a dhéanann an tástáil FCMC i gcomhréir le Pointe 4.3.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 an fhaisnéis seo a leanas a chomhroinnt leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe:

(a) faisnéis a leagtar amach i dTábla 9 mar a thaifeadtar le haghaidh na tástála FCMC;

(b) faisnéis le linn na tréimhse tástála céanna maidir le sreabhadh maise breosla iarbhír a ídíonn an t-inneall i gcomhréir le pointe 3.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 le linn na tástála FCMC ar fad agus dá dtagraítear i bpointe 4.3.5.3(3) den Iarscríbhinn sin;

(c) faisnéis maidir le gach pointe den sreabhadh maise breosla arna thaifeadadh i gcomhréir le 4.3.5.3(3) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 luach meandrach FIFIB ráta breosla an innill dá dtagraítear i bpointe 5.13 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann leis an Rialachán sin agus dá dtagraítear i bpointe 4.3.5.3(5)(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin;

(d) faisnéis maidir leis na heatraimh ama idir pointí éagsúla an tsreafa maise breosla dá dtagraítear i bpointe 4.3.5.3(5)(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.

Tábla 9

Sonraí atá le comhroinnt ó TDCD/TFCD/FCMC leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe, mar a thaifeadtar i gcomhréir le pointe 4.3.5.3(5)(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400

Tagairt FIFIB	Paraiméadar	Paraiméadar a thuairiscítear i ndoiciméad faisnéise innill mar a shonraítear i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, i gcás inarb infheidhme
-	Cineál innill mar aonad teicniúil ar leithligh / inneall mar aonad teicniúil ar leithligh / feithicil ina bhfuil inneall cineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí / feithicil cineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí	0.2.
-	Feithiclí tromshaothair Díosail/Peitril/GPL/GN/ Eatánóil (ED95)/Eatánóil (E85)/ Hidrigine (T)/ Hidrigine (TD)/ Hidrigine (U)/ Hidrigine (UD)/ Díosail B100	3.2.2.2.
1	Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim) ag tús an tomhais ar ídiú breosla agus ag deireadh an tomhais ar ídiú breosla	-
3.0	Ráta breosla an innill (graim/soicind)	-
3.1	Ráta breosla na feithicle (graim/soicind)	-

(4) Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe dá dtagraítear i bpointí (1), (2) agus (3) go gcomhroinnfear sonraí leordhóthanacha leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe chun gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar na sonraí faireacháin mar a shonraítear i bpointe 4.2, agus chun na ceanglais chruinnis a chinneadh i gcomhréir le pointí 4.2, 4.3 agus 4.4. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe faisnéis bhreise a chomhroinnt ar bhonn deonach leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe nó arna iarraidh sin don údarás cineálcheadaithe deonaithe.

5.1.2. *Sonraí faireacháin VTP a bhailiú*

(1) An t-údarás formheasa a dheonaigh an ceadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin atá freagrach as an tástáil nós imeachta tástála fíorúcháin a oibriú i gcomhréir le hIarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, roinnfidh sé leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe an fhaisnéis a leagtar amach i dTábla 10 den Iarscríbhinn seo, chomh maith leis na luachanna meandracha mar a thaifeadtar iad ón bhfeiste FIFIB agus a leagtar amach i dTábla 4 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.

(2) Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe dá dtagraítear i bpointe (1) go gcomhroinnfear sonraí leordhóthanacha leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe chun gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar na sonraí faireacháin mar a shonraítear i bpointe 5.2, agus chun na ceanglais chruinnis a chinneadh i gcomhréir le pointí 4.2, 4.3 agus 4.4. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe faisnéis ábhartha bhreise a chomhroinnt ar bhonn deonach leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe nó arna iarraidh sin don údarás cineálcheadaithe deonaithe.

Tábla 10

Sonraí atá le comhroinnt leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe ón Nós Imeachta Tástála Fíorúcháin, mar a thaifeadtar i gcomhréir le hIarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400

Tagairt FIFIB	Paraiméadar	Paraiméadar a thuairiscítear in Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400
-	Cineál innill mar aonad teicniúil ar leithligh / inneall mar aonad teicniúil ar leithligh / feithicil ina bhfuil inneall cineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí / feithicil cineálcheadaithe maidir le hastaíochtaí	8.1.4.

Tagairt FIFIB	Paraiméadar	Paraiméadar a thuairiscítear in Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400
-	Cineál breosla tagartha an innill (díosal/GPL/gás nádúrtha comhbhrúite...)	8.3.5.
1	Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim) ag tús an tomhais ar ídiú breosla	8.13.15.3.
1	Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim) ag deireadh an tomhais ar ídiú breosla	8.13.15.4.
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair) ag tús na tástála ar an tomhas ar ídiú breosla	8.13.15.1.
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair) ag deireadh na tástála ar an tomhas ar ídiú breosla	8.13.15.2.
3.0	Ráta breosla an innill (graim/soicind)	8.13.15.7.
5	Meánmhais iomlán feithicle (cileagraim)	8.13.15.9.
-	Mais iarbhír na feithicle le haghaidh an nós imeachta tástála fíorúcháin (cileagraim)	8.12.1.
-	Mais iarbhír na feithicle le haghaidh an nós imeachta tástála fíorúcháin móide pálasta (cileagraim)	8.12.2.
-	Léamh odaiméadair ag tús na tástála chun ídiú breosla a thomhas (km)	8.1.7.
-	Léamh odaiméadair ag deireadh na tástála ar an tomhas ar ídiú breosla (ciliméadair)	8.13.15.10.
-	Luach iomlán maise an ídithe breosla sa tástáil fíorúcháin arna thomhas (cileagraim)	8.13.15.11.
-	Fad an tomhais ar ídiú breosla (nóiméid)	8.12.5.

5.1.3. *Sonraí faireacháin PEMS a bhailiú*

(1) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe atá freagrach as tástáil PEMS i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 agus le Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin an fhaisnéis a leagtar amach i dTábla 11 den Iarscríbhinn seo a chomhroinnt leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe, chomh maith leis na sonraí tomhaiste meandracha maidir le comharthaí feiste FIFIB 1, 2, 3.0, 3.1, agus 5 mar a thaifeadtar i gcomhréir le 10.1.8a.1 go 10.1.8a.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011.

(2) Féadfaidh an monaróir córas tomhais breosla a úsáid i gcomhréir le pointe 5.7 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 chun an breosla arna ídiú le linn thástáil PEMS a thomhas. Sa chás sin, is éard a bheidh sna sonraí atá le tarchur ag an údarás formheasa chuig an údarás cineálcheadaithe deonaithe na luachanna meandracha arna dtomhas leis an gcóras tomhais breosla agus tá an breosla iomlán arna ídiú le ríomh i gcomhréir le pointe 5.2.1 den Iarscríbhinn seo.

(3) Má rinneadh an tástáil PEMS i gcomhréir le hIarscríbhinn 8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe, roinnfidh an t-údarás cineálcheadaithe atá freagrach as an tástáil sin leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe an fhaisnéis a leagtar amach i dTábla 11, chomh maith leis na sonraí tomhaiste meandracha le haghaidh chomharthaí feiste FIFIB 1, 2, 3.0, 3.1, agus 5 mar a thaifeadtar i bpointe A.1.2.2, Tábla 1, d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe.

(4) Maidir le feithiclí ag a bhfuil cineálcheadú B100 de réir na gceanglas a leagtar amach i bpointe 1.4. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, ní fhéadfaidh an monaróir a iarraidh go ndéanfaí tástáil PEMS bhreise ach amháin chun meastóireacht a dhéanamh ar chruinneas FIFIB agus FMIF trí úsáid a bhaint as an mbreosla tagartha de réir Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ar a ndearnadh an máthair-inneall a chineálcheadú faoi Airteagal 3 den Rialachán sin. Sa chás sin, bainfidh an fhaisnéis atá le comhroinnt leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe i gcomhréir le mír 1 agus mír 3 le tástáil PEMS bhreise a dhéantar ar an mbreosla tagartha.

(5) Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe go gcomhroinnfear sonraí leordhóthanacha leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe chun gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar na sonraí faireacháin mar a shonraítear i bpointe 5.2, agus chun na ceanglais chruinnis a chinneadh i gcomhréir le pointí 4.2, 4.3 agus 4.4. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe faisnéis ábhartha bhreise a chomhroinnt ar bhonn deonach leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe nó arna iarraidh sin don údarás cineálcheadaithe deonaithe.

Tábla 11

Sonraí atá le comhroinnt leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe ó thástáil PEMS a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011

Tagairt FIFIB	Paraiméadar	Paraiméadar a thuairiscítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011
-	Aicme inneall	10.1.1.5.
-	Baill aicme inneall	10.1.1.7.
-	An cineál innill: peitreal, eatánól (E85), díosal/NG/GPL/eatánól (ED95), B100 (*Scrios de réir mar is iomchuí*)	10.1.1.11.
-	Uimhir chineálcheadaithe	10.1.5.3.
-	Cineál (e.g. M_3, N_3) agus feidhm na feithicle (e.g. trucail dholúbtha nó altach, bus cathrach)	10.1.6.2.
-	Bliain agus mí táirgthe na feithicle	10.1.6.7.
-	Cineál tarchurtha (e.g. de láimh, uathoibríoch nó eile)	10.1.6.8.
1	Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim) ag tús an tomhais ar ídiú breosla	10.1.10a.1.
1	Breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim) ag deireadh an tomhais ar ídiú breosla	10.1.10a.2.
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair) ag tús na tástála ar an tomhas ar ídiú breosla	10.1.10a.3.
2	Fad iomlán arna thaisteal (saolré) (ciliméadair) ag deireadh na tástála ar an tomhas ar ídiú breosla	10.1.10a.4.
3.0	Ráta breosla an innill (graim/soicind)	10.1.10a.5.
3.1	Ráta breosla na feithicle (graim/soicind)	10.1.10a.6.
5	Meánmhais iomlán feithicle (kg)	10.1.10a.7.
-	Mais iarbhír na feithicle le haghaidh thástáil PEMS móide pálasta (kg)	10.1.7.8.
-	Léamh odaiméadair ag tús na tástála (km)	10.1.7.1.
-	Léamh odaiméadair ag deireadh na tástála ar an tomhas ar ídiú breosla (km)	10.1.7.1a.
-	Astaíochtaí THC [g]	10.1.10.8.
-	Astaíochtaí CO [g]	10.1.10.9.
-	Astaíochtaí CO_2 [g]	10.1.10.11.
-	Astaíochtaí CH_4 [g] le haghaidh innill gháis amháin	10.1.10.12.
-	Fad [faid]	10.1.7.2.

5.2. **Meastóireacht ar shonraí faireacháin**

(1) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe meastóireacht ar na sonraí faireacháin a gheobhaidh an t-údarás cineálcheadaithe trí chruinneas na bparaiméadar a ríomh i gcomhréir le pointe 4.

(2) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe meastóireacht ar chruinneas 'breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim)' na feiste FIFIB in aghaidh na gceanglas cruinnis maidir le hídiú breosla mar a leagtar amach i dTábla 8.

(3) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe meastóireacht ar chruinneas an fhaid iomláin arna thaisteal le linn na saolré (ciliméadair) den fheiste FIFIB le linn thástáil PEMS agus VTP in aghaidh na gceanglas cruinnis maidir leis an bhfad arna thaisteal mar a leagtar amach i dTábla 8.

(4) Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe meastóireacht ar chruinneas 'mais iomlán na feithicle (cileagraim)' arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB le linn na tástála PEMS agus VTP in aghaidh na gceanglas cruinnis maidir le mais iomlán na feithicle mar a leagtar amach i dTábla 9.

5.2.1. *Ídiú breosla comhtháite a ríomh chun meastóireacht a dhéanamh ar shonraí faireacháin (TDCD, TFCD, FCMC)*

Úsáidfear aon luach diúltach dá dtaifeadtar le haghaidh ídiú breosla go díreach agus ní shocrófar luachanna den sórt sin go mbeidh siad cothrom le nialas le haghaidh ríomhanna an luacha comhtháite.

Cinnfear mais iomlán an bhreosla (cileagraim) a ídíonn an t-inneall thar thimthriall tástála iomlán (*Breosla_Ídithe*$_{TDCD}$, *Breosla_Ídithe*$_{TFCD}$, *Breosla_Ídithe*$_{FCMC}$) trí luachanna taifeadta an ollsreafa breosla a chomhtháthú thar an bpointe tosaigh agus ag an bpointe deiridh céanna den tomhas ar ídiú breosla, agus úsáid á baint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$\sum_{FC_{tomhas,i}} = \frac{\left(\frac{1}{2}mf_{breosla,0} + mf_{breosla,1} + mf_{breosla,2} + \ldots + mf_{breosla,n-2} + mf_{breosla,n-1} + \frac{1}{2}mf_{breosla,n}\right)h}{1000}$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

$\sum_{FC_{tomhas,i}}$	mais iomlán an bhreosla a ídíonn an t-inneall thar an tréimhse ó t_0 go t_1 i gcileagraim
t_0	is é sin an t-am ag tús na tréimhse ama
t_1	is e sin an t-am ag deireadh na tréimhse ama
n	an líon luachanna taifeadta le linn na tréimhse ó t_0 go t_1
$mf_{breosla,k\ [0\ \ldots\ n]}$	na luachanna taifeadta ollsreafa breosla thar an tréimhse ó t_0 go t_1 in ord croineolaíoch, i gcás ina ritheann k ó 0 ag t_0 go n ag t_1
h	leithead an eatraimh idir dhá luach taifeadta chóngaracha arna sainiú le

$$h = \frac{t_1 - t_0}{n}$$

5.2.2. *Meastóireacht ar shonraí faireacháin PEMS*

5.2.2.1. Déantar meastóireacht ar an ídiú breosla arna chinneadh ón tástáil PEMS de réir an cheanglais chruinnis i bpointe 4, i gcás ina ndéantar an t-ídiú breosla a thomhaistear le linn na tástála PEMS agus a chomhroinntear leis an údarás cineálcheadaithe deonaithe i gcomhréir le pointe 5.1.3, agus ina ríomhtar an t-ídiú breosla agus úsáid á baint as airíonna na mbreoslaí tagartha iomchuí, mar a shonraítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011, gan beann ar an mbreosla iarbhír a úsáidtear.

5.2.2.2. I gcás gach cothromóide i bpointí 5.2.2.3 go 5.2.2.10 úsáidfear sonraí comhtháite phointí 10.1.10.8 go 10.1.10.12 de Thábla 11 ó thús na tástála go dtí deireadh na tástála, sna cásanna seo a leanas:

FC an t-ídiú breosla sonrach breosla, g/tástáil;

HC na hastaíochtaí hidreacarbón, g/tástáil;

CO na hastaíochtaí aonocsaíde carbóin, g/tástáil;

CO_2 na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin, g/tástáil.

5.2.2.3. I gcás feithiclí a bhfuil inneall adhainte deimhní iontu a bhreoslaítear le peitreal (E10)

$$FC = 1{,}20 \times [(0{,}831 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

5.2.2.4. I gcás feithiclí ag a bhfuil inneall adhainte deimhní a bhreoslaítear le GPL

$$FC = 1{,}212 \times [(0{,}825 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

Má bhíonn comhdhéanamh an bhreosla a úsáidtear don tástáil difriúil leis an gcomhdhéanamh lena nglactar le haghaidh ríomh an ídithe normalaithe, féadfar fachtóir ceartúcháin *cf* a chur i bhfeidhm arna iarraidh sin don mhonaróir, mar seo a leanas:

$$FC_norm = 1{,}212 \times cf \times [(0{,}825 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

Déantar an fachtóir ceartúcháin *cf*, a fhéadfar a chur i bhfeidhm, a chinneadh mar a leanas:

$$cf = 0.825 + 0.0693\ n_{iarbhír}$$

i gcás inarb é:

$n_{iarbhír}$ cóimheas iarbhír H/C an bhreosla a úsáidtear.

5.2.2.5. I gcás feithiclí ag a bhfuil inneall adhainte deimhní a bhreoslaítear le gás nádúrtha/bithmheatán

$$FC = 1{,}336 \times [(0{,}749 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

5.2.2.6. I gcás feithiclí ag a bhfuil inneall adhainte deimhní iontu a bhreoslaítear le heatánól (E85)

$$FC = 1{,}742 \times [(0{,}574 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

5.2.2.7. I gcás feithiclí ag a bhfuil inneall adhainte comhbhrú a bhreoslaítear le díosal

$$FC = 1{,}165 \times [(0{,}859 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

5.2.2.8. I gcás feithiclí ag a bhfuil inneall adhainte comhbhrú a bhreoslaítear le heatánól (ED95)

$$FC = 1{,}86 \times [(0{,}538 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

5.2.2.9. I gcás feithiclí ina bhfuil inneall adhainte comhbhrú a bhreoslaítear le bithdhíosal (B100)

$$FC = 1{,}331 \times [(0{,}770 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

5.2.2.10. Má sháraítear na ceanglais chruinnis le haghaidh feithicil B100 agus an fhoirmle in 5.2.2.9 den Iarscríbhinn seo á húsáid, i gcás inarb é FAME B100 an breosla tástála a úsáidtear, féadfaidh an monaróir a iarraidh go ndéanfar an tiontú a athríomh bunaithe ar anailís ar an sampla breosla arna thógáil i gcomhréir le pointe 4.4.2.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 582/2011. Sa chás sin, cinnfidh an monaróir ábhar FAME agus cuirfidh sé in iúl don údarás cineálcheadaithe deonaithe é in éineacht leis na doiciméid tacaíochta.

Ríomhfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an t-ídiú breosla, agus úsáid á baint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$FC = 1{,}331 \times cf \times [(0{,}770 \times HC) + (0{,}429 \times CO) + (0{,}273 \times CO_2)]$$

Chun críocha an cheartúcháin sin, cinntear an fachtóir ceartúcháin *cf* mar a leanas:

$$cf = \frac{NCV_{tomhas}}{\mathrm{NCV}_{\text{caighdeánach}}}$$

i gcás inarb é:

NCV_{tomhas}	*NCV* an bhreosla a úsáidtear sa tástáil arna chinneadh i gcomhréir le pointe 3.2. d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 [MJ/kg]
$NCV_{caighdeánach}$	*NCV* caighdeánach i gcomhréir le Tábla 4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 [MJ/kg]

5.3. **Tástáil fíorúcháin**

5.3.1. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe tástáil fíorúcháin staidrimh i gcomhréir le hIarscríbhinn II má sháraítear aon cheann de na ceanglais chruinnis in aon cheann de na tástálacha a leagtar amach i dTábla 7.

5.3.2. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe tástáil fíorúcháin staidrimh i gcomhréir le hIarscríbhinn III má sháraítear aon cheann de na ceanglais chruinnis in aon cheann de na tástálacha a leagtar amach i dTábla 8.

5.3.3. D'ainneoin phointe 5.3.1, i gcás na ngrúpaí feithiclí sin nach bhfuil feidhm ach ag faireachas ar an gcruinneas maidir leis an ídiú breosla nó leis an bhfad iomlán ('SE') mar a leagtar amach i dTábla 1, cinnfear an cruinneas, agus ní bheidh tástáil fíorúcháin staidrimh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II mar thoradh ar shárú an chruinnis. Cuirfear sárú ar an gcruinneas in iúl don mhonaróir agus don Choimisiún.

5.3.4. D'ainneoin phointe 5.3.2, i gcás na ngrúpaí feithiclí sin nach bhfuil feidhm ach ag faireachas ar chruinneas maidir le mais iomlán na feithicle ('SM') mar a leagtar amach i dTábla 1, cinnfear an cruinneas, agus ní bheidh tástáil fíoraithe staidrimh mar thoradh ar shárú an chruinnis mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Cuirfear sárú ar an gcruinneas in iúl don mhonaróir agus don Choimisiún.

6. DEARBHÚ AN MHONARÓRA

Soláthrófar an dearbhú seo a leanas de bhreis ar an Doiciméad Faisnéise a leagtar amach i bhFoscríbhinn 4 a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011. Soláthrófar aon líníocht sa scála iomchuí agus iad sách mionsonraithe ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

Má tá rialtáin leictreonacha ag na córais, na comhpháirteanna nó na haonaid theicniúla ar leithligh dá dtagraítear sa dearbhú comhréireachta, soláthrófar faisnéis maidir lena bhfeidhmíocht.

Nótaí míniúcháin (maidir le líonadh isteach an tábla):

Cuirfear ainmneacha bhaill iarbhír na haicme FIFIB in ionad litreacha A, B, C, D agus E a chomhfhreagraíonn do bhaill na haicme FIFIB i gcomhréir le pointe 2.2.

I gcás ina mbeidh feidhm ag an luach/tuairisc chéanna maidir le gach ball den aicme FIFIB i gcás saintréith FIFIB áirithe, déanfar na cealla a chomhfhreagraíonn do A-E a chumasc.

Beidh leibhéal an cheanglais maidir le feiste FIFIB bunaithe ar na ceanglais a leagtar amach i dTábla 1.

I gcás níos mó ná cúig bhall a bheith san aicme, féadfar colúin nua a chur leis.

6.1. **Dearbhú ón monaróir maidir le comhlíonadh na gceanglas le haghaidh feistí chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh leictrigh**

		CineÁl MÁthair-innill nÓ Innill	Baill den aicme FIFIB				
			A	B	C	D	E

(MonarÓir): …..

(Seoladh an mhonarÓra): …..

DeimhnÍonn sÉ an mÉid seo a leanas:

Comhlíonann an cineál/na cineÁlacha innill, an aicme/na haicmÍ inneall agus/nó an CineÁl/na CineÁlacha Feithicle a liostaÍtear thÍos ceanglais Airteagal 3 de Rialachn Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún*, a mhéid a bhaineann leis na feistÍ chun faireachÁn a dhÉanamh ar ÍdiÚ breosla agus/nó fuinnimh leictrigh.*

0.	GINEARÁLTA						
0.1.	DÉantÚs (trÁdainm an mhonarÓra):						
0.2.	CineÁl (CineÁlacha) Innill / Aicme (AicmÍ) Inneall, CineÁl (CineÁlacha) Feithicle						
0.2.0.3.	CineÁl innill mar aonad teicniÚil ar leithligh / aicme inneall mar aonad teicniÚil ar leithligh / feithicil ina bhfuil inneall cineÁlcheadaithe maidir le hastaÍochtaÍ / feithicil cineÁlcheadaithe maidir le hastaÍochtaÍ						
0.2.0.3.1	Uimhir chineÁlcheadaithe an innill (le comhlÁnÚ tar Éis an chineÁlcheadaithe), mÁs infheidhme						
0.2.0.3.2	CineÁlcheadaithe innill (NA/AE/IVA), mÁs infheidhme						
3.2.13.1	Inneall a bhfuil feiste infheithicle chun faireachÁn a dhÉanamh ar ÍdiÚ breosla agus/nÓ fuinnimh feistithe ann: tÁ/nÍl Mura bhfuil, cÉn fÁth nach bhfuil feiste infheithicle chun faireachÁn a dhÉanamh ar ÍdiÚ breosla agus/nÓ fuinnimh feistithe ar an inneall sin						
3.2.13.2	Tuairisc ar phrionsabal oibre na feiste infheithicle chun faireachÁn a dhÉanamh ar ÍdiÚ breosla agus/nÓ fuinnimh						

		CineÁl MÁthair-innill nÓ Innill	Baill den aicme FIFIB				
			A	B	C	D	E
3.2.13.3	Comhlíontacht dhearbhaithe le leibhÉal an cheanglais feiste FIFIB: Euro VI E+/Euro 7						
3.2.13.4	CÓras faireachÁin maise infheithicle: tÁ/nÍl Murab ann dÓ, tabhair tuairisc ar na ceanglais chun a ÁirithiÚ go gcuirfear comhartha maise iomlÁine na feithicle in iÚl don fheiste FIFIB						
3.2.13.5	Tuairisc ar phrionsabal oibre na feiste infheithicle lchun faireachÁn a dhÉanamh ar ÍdiÚ breosla agus/nÓ fuinnimh						

Arna dhÉanamh [….. *Áit]*

An [….. *DÁta]*

[Ainm agus sÍniÚ IonadaÍ an MhonarÓra]

6.2. **Dearbhú an mhonaróra maidir le comhlíonadh na gceanglas le haghaidh feistí chun faireachán a dhéanamh ar mhais iomlán na feithicle ar bord na feithicle**

(MonarÓir): …..

(Seoladh an mhonarÓra): …..

DeimhnÍonn sÉ an mÉid seo a leanas:

Comhlíonann an cineÁl/na cineÁlacha innill, an aicme/na haicmÍ inneall agus/nó an Cineál/na CineÁlacha Feithicle a liostaÍtear thÍos ceanglais Airteagal 3 de RialachÁn Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún 2025/2161*, a mhéid a bhaineann leis na feistÍ chun faireachÁn a dhÉanamh ar Ídiú breosla agus/nó fuinnimh leictrigh agus ar phÁlasta/mais.*

0.	GINEARÁLTA	
0.1.	DÉantÚs (trÁdainm an mhonarÓra):	
0.2.	CineÁl (CineÁlacha) Innill / Aicme (AicmÍ) Inneall, CineÁl (CineÁlacha) Feithicle	
0.2.0.3.	CineÁl innill mar aonad teicniÚil ar leithligh / aicme inneall mar aonad teicniÚil ar leithligh / feithicil ina bhfuil inneall cineÁlcheadaithe maidir le hastaÍochtaÍ / feithicil cineÁlcheadaithe maidir le hastaÍochtaÍ	
3.2.13.6	CÓras faireachÁin maise infheithicle: tÁ/nÍl Mura bhfuil, an chÚis nach bhfuil feiste faireachÁin maise infheithicle feistithe ar an inneall sin	
3.2.13.5	Tuairisc ar phrionsabal oibre na feiste infheithicle lchun faireachÁn a dhÉanamh ar ÍdiÚ breosla agus/nÓ fuinnimh	
3.2.13.6.	DearbhÚ gur comhlÍonadh na ceanglais chun a ÁirithiÚ go gcuirfear comhartha maise iomlÁine na feithicle in iÚl don fheiste FIFIB (dÁ dtagraÍtear sa dearbhÚ comhlÍontachta mar a leagtar amach i bpointe 6.1)	

Arna dhÉanamh [*Áit]*

An [*DÁta]*

[Ainm agus sÍniÚ IonadaÍ an MhonarÓra]

IARSCRÍBHINN II

NÓS IMEACHTA TÁSTÁLA STAIDRIMH CHUN AN tÍDIÚ BREOSLA AGUS AN FAD ARNA CHINNEADH AG AN bhFEISTE FIFIB A FHÍORÚ

1. RÉAMHRÁ

1.1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an nós imeachta tástála staidrimh chun cruinneas an ídithe breosla iomláin agus an fhaid iomláin arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB a fhíorú.

2. NÓS IMEACHTA TÁSTÁLA FÍORÚCHÁIN STAIDRIMH MAIDIR LE hÍDIÚ BREOSLA AGUS FAD

2.1. **Roghnú feithicle**

Roghnófar an fheithicil ón aicme FIFIB a sháraigh na ceanglais maidir le cruinneas in aon cheann de na tástálacha faireacháin a leagtar amach i bpointe 4.2 d'Iarscríbhinn I, nó ón aicme FIFIB a roghnaigh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe bunaithe ar amhras faoi neamhchomhlíonadh. Roghnófar 3 fheithicil ar a laghad agus 8 bhfeithicil ar a mhéad ón aicme sin lena dtástáil.

2.2. **Dálaí na feithicle**

Tugtar tuairisc ar dhálaí na feithicle i bpointe 4 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400. Chun ídiú breosla a thomhas mar a thuairiscítear i bpointe 6.1.5,5 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400, is é an breosla a úsáidfear an breosla a leagtar amach i bpointe 2.3 den Iarscríbhinn seo.

2.3. **Breosla tástála**

Déanfar an nós imeachta tástála le breosla tagartha a shonraítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ar a ndearnadh an máthair-inneall a chineálcheadú faoin Rialachán sin.

2.4. **Sonraíochtaí trealaimh tomhais**

Déanfar mais iarbhír an bhreosla arna ídiú a thomhas ar bord le gaireas tomhais mar a leagtar amach i bpointe 5.7 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400. Má tharla céim briste isteach i gcomhréir le pointe 6.1.2 d'Iarscríbhinn Xa sin, feisteofar an fheithicle leis an gcóras tomhais ídithe breosla tar éis na céime briste isteach.

2.5. **Ullmhú na feithicle**

Tugtar tuairisc ar ullmhú na feithicle i bpointí 6.1.2, 6.1.3, agus 6.1.4 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400. Beidh an fheithicil feistithe leis an gcóras tomhais breosla mar a shonraítear i bpointe 5.7 den Iarscríbhinn sin.

Beidh an fheithicil a thástáiltear feistithe leis an bhfeiste ídithe breosla infheithicle arna chineálcheadú don aicme feithiclí sin.

2.5.1. *Téamh na feithicle*

Roimh thús sheicheamh na tástála fíoraithe staidrimh, féadfar an fheithicil a thiomáint lena téamh i gcomhréir le Tábla 3 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400. Ní bhreithneofar céim an téimh agus meastóireacht á déanamh ar an tástáil fíorúcháin.

2.5.2. *Comharthaí tomhais*

Tugtar tuairisc ar na comharthaí tomhais breosla atá le tomhas i bpointe 5.9 in Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400. Áirítear orthu sin an 'sreabhadh maise breosla le haghaidh breoslaí leachtacha', 'sreabhadh maise breosla le haghaidh breoslaí gásacha'.

Déanfar comharthaí ráta breosla an innill arna gcinneadh ag an bhfeiste FIFIB a thaifeadadh freisin.

2.5.2.1. Luas na feithicle

Is éard a bheidh i luas taifeadta na feithicle an comhartha CAN le haghaidh luas feithicle san aonad km/h mar a fhoráiltear le tacagraf digiteach a chomhlíonann Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

2.5.2.2. Córas suite domhanda

Soláthrófar an suíomh domhanfhaid agus an suíomh domhanleithid trí chóras suite domhanda.

An cruinneas is gá:

Suíomh: < 3 m 95 % Earráid Chiorclach Dhóchúil

Ráta nuashonrúcháin: ≥ 4 Hz

2.5.2.3. Teocht chomhthimpeallach

An cruinneas is gá: ± 1 °C

Ráta nuashonrúcháin: ≥ 1 Hz

2.5.3. *Tomhas ar ídiú breosla*

Tosóidh an tomhas ar ídiú breosla agus an fheithicil ina stad díreach roimh an tréimhse thomhais. Tiomáinfear an fheithicil le linn an tomhais ar bhealach a sheachnóidh coscánú na feithicle gan ghá, pumpáil an luasaire agus an dul thart ar chorthaí go hionsaitheach. Úsáidfear an socrú le haghaidh na n-ardchóras cúnta tiománaí a ghníomhachtaítear go huathoibríoch ar adhaint an innill, agus athróidh an córas uathoibríoch na giaranna (i gcás traiseoltaí leath-uathoibríocha nó traiseoltaí cumhachtathraithe uathoibríocha) agus úsáidfear an córas luasrialaithe (más infheidhme). Beidh fad an tomhais ar ídiú breosla laistigh de na lamháltais a leagtar amach i dTábla 3 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400. Críochnóidh an tomhas ar ídiú breosla agus an fheithicil ina stad díreach tar éis na tréimhse tomhais.

2.5.4. *Léamh amach sonraí FIFIB le linn na tréimhse tomhais*

Tosóidh an taifeadadh ar fhad iomlán arna thaisteal (saolré), breosla iomlán arna ídiú (saolré) (cileagraim), ráta breosla na feithicle, ráta breosla an innill, arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB, tráth nach déanaí ná an tráth a thosaigh agus a chríochnaíonn an tomhas ar ídiú breosla in éineacht leis an tomhas ar ídiú breosla.

Tógfar an léamh odaiméadair ag seasamh na feithicle díreach roimh an tréimhse thomhais agus tógfar é ag seasamh na feithicle díreach tar éis dheireadh an tomhais ar ídiú breosla.

2.5.5. *Tréimhse thomhais*

Comhlíonfaidh an bealach a roghnófar na ceanglais a thuairiscítear i bpointe 6.1.5.1. d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/165/oj).

2.5.6. *Coinníollacha teorann maidir leis an tástáil fiorúcháin*

Leagtar amach na coinníollacha teorann atá le comhlíonadh le haghaidh tástáil bhailí fíorúcháin i bpointe 6.1.5.7 d'Iarscríbhinn Xa a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400.

2.6. **Meastóireacht ar shonraí**

Déanfar na sonraí taifeadta a shioncrónú agus a ailíniú le taifeach ama 1 Hz, trí mheán uimhríochtúil, trí chomharsa is gaire nó trí idirshuíomh líneach.

2.6.1. *Meastóireacht ar chruinneas an ídithe breosla arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB*

Cuirfear an t-ídiú breosla ón bhfeiste FIFIB i gcomparáid leis an ídiú breosla arna thomhas ar bord le feiste tomhais lena dtuairiscítear méid iomlán an bhreosla arna ídiú i ngraim.

Ríomhfar an cóimheas cruinnis $C_{FIFIB,BREOSLA}$ mar a leanas:

$$C_{FIFIB,BREOSLA} = \frac{Breosla_Ídithe_{TÁSTÁIL}(kg)}{Breosla_Ídithe_{FIFIB}(kg)}$$

i gcás inarb é:

Is é $Breosla_Ídithe_{TÁSTÁIL}$ an t-ídiú breosla arna thomhas le linn an nós imeachta tástála staidrimh, i gcomhréir le pointe 2.5.3.

Is éard atá i $Breosla_Ídithe_{FIFIB}$ an t-ídiú breosla arna thomhas ag an bhfeiste FIFIB le linn na tástála staidrimh, mar a shonraítear i bpointe 2.5.4, agus arna ríomh tríd an difríocht idir an léamh ar bhreosla iomlán arna ídiú (saolré) ón bhfeiste FIFIB ag deireadh na tástála agus an léamh ar bhreosla iomlán arna ídiú (saolré) ón bhfeiste FIFIB ag an tús.

Ríomhfar an cóimheas sin do gach ceann de na tástálacha staidrimh agus úsáidfear é chun an mheastóireacht staidrimh a dhéanamh mar a leagtar amach i bpointe 3.

2.6.2. *Meastóireacht ar chruinneas an fhaid arna chinneadh ag an bhfeiste FIFIB*

Ríomhfar an cóimheas cruinnis $C_{FIFIB,FAD}$ mar a leanas:

$$C_{FIFIB,Fad} = \frac{D_{FIFIB}}{D_{ODAIMÉADAR}}$$

i gcás inarb é:

Is é $D_{ODAIMÉADAR}$ an difríocht idir léamh an odaiméadair ag deireadh na tástála agus léamh an odaiméadair ag tús na tástála dá dtagraítear i bpointe 2.5.4.

Is é D_{FIFIB} an difríocht idir an léamh ar fhad saolré ón bhfeiste FIFIB ag deireadh na tástála agus an léamh ar fhad saolré ón bhfeiste FIFIB ag tús na tástála mar a thaifeadtar i bpointe 2.5.4.

Ríomhfar an cóimheas sin do gach ceann de na tástálacha staidrimh, agus úsáidfear é chun an mheastóireacht staidrimh a dhéanamh mar a leagtar amach i bpointe 3.

Cuirfear fad saolré na feiste FIFIB i gcomparáid leis an bhfad a léitear ón odaiméadar, agus i gcás neamhréireacht os cionn ± 5 %, soláthróidh an monaróir míniú ar an neamhréireacht sin don údarás cineálcheadaithe, a thabharfaidh fógra don Choimisiún faoin neamhréireacht agus faoin míniú uirthi.

3. MEASTÓIREACHT AR AN NÓS IMEACHTA TÁSTÁLA STAIDRIMH MAIDIR LE hÍDIÚ BREOSLA AGUS FAD

3.1. **Túsphointe**

Is iad túsphointe na meastóireachta staidrimh na luachanna le haghaidh C_{FIFIB} arna ríomh le haghaidh 3 fheithicil tástála aonair ($N = 3$) i gcomhréir le pointe 2.6.1. le haghaidh ídiú breosla agus i gcomhréir le pointe 2.6.2 le haghaidh an fhaid iomláin.

Cinntear leis na critéir a leagtar amach faoi phointe 3.3(3) an gá feithiclí breise a thástáil, rud a fhíorófar ar leithligh le haghaidh ídiú breosla agus fad iomlán.

3.2. **Paraiméadair staidrimh**

Maidir leis an líon iomlán feithiclí arna dtástáil (N), déanfar an meán ($X_{tástálacha}$) agus diall caighdeánach (s) na dtorthaí tástála a chinneadh mar a leanas:

$$X_{tástálacha} = \frac{(x_1 + x_2 + \ldots + x_N)}{N}$$

agus

$$s = \sqrt{\frac{(x_1 - X_{tástálacha})^2 + (x_2 - X_{tástálacha})^2 + \ldots + (x_N - X_{tástálacha})^2}{N-1}}$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

x_i an luach C_{FIFIB} arna ríomh le haghaidh na feithicle tástála aonair i de réir phointe 2.6.1 den Iarscríbhinn seo le haghaidh ídiú breosla, agus de réir phointe 2.6.2. den Iarscríbhinn seo le haghaidh an fhaid iomláin.

3.3. **Meastóireacht**

I gcás na dtrí fheithicil a tástáladh ar dtús agus tar éis gach feithicle breise a tástáladh, déanfar luach $X_{tástálacha}$ a mheasúnú mar a leagtar amach thíos chun teacht ar cheann de na conclúidí seo a leanas maidir leis an aicme fíoraithe inseirbhíse nó maidir leis an aicme ualaigh friotaíochta bóthair lena mbaineann:

(1) Tabhair pas don aicme má tá:

$$X_{tástálacha} \leq A - t_P \times s$$

(2) Tabhair teip don aicme má tá:

$$X_{tástálacha} > A + t_F \times s$$

(3) Déan tástáil ar fheithicil bhreise má tá:

$$A - t_P * s < X_{tástálacha} \leq A + t_F \times s$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

t_P agus t_F mar a leagtar amach sa tábla thíos.

is é s an diall caighdeánach mar a chinntear i gcomhréir le pointe 3.2.

Is ionann A agus 1,03;

Tábla 1

Luachanna na t-paraiméadair le haghaidh an chinnidh maidir le pas/teip le haghaidh an fhíorúcháin ar ídiú breosla agus fad

An líon feithiclí arna dtástáil	t_P	t_F
3	1,5889	An luach is airde de 1,1060 agus (0,02/s) ([1])
4	0,9279	0,5068
5	0,6117	0,2836
6	0,3758	0,1528
7	0,1734	0,0646
8	0,0000	0,0000

([1]) I gcás inarb é *s* an diall caighdeánach mar a chinntear i gcomhréir le pointe 3.2. I gcás ina bhfuil an diall caighdeánach *s* cothrom le nialas, is é 1,1060 an luach a úsáidfear le haghaidh t_F.

3.4. **Méid an diallta a ríomh**

Chun méid an diallta a ríomh, sainmhínítear an meán (C_{FIFIB}) mar $X_{tástálacha}$ don líon iomlán feithiclí a tástáladh, tar éis don aicme cliseadh de réir phointe 3:

$$meán\ (C_{FIFIB}) = X_{\ tástálacha}$$

IARSCRÍBHINN III

NÓS IMEACHTA TÁSTÁLA STAIDRIMH CHUN AN MHAIS IOMLÁN ARNA CINNEADH AG AN gCÓRAS FAIREACHÁIN MAISE AR BORD A FHÍORÚ

1. RÉAMHRÁ

1.1. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an nós imeachta tástála staidrimh chun cruinneas an chórais faireacháin maise ar bord a fhíorú. Cuirfear mais iomlán na feithicle arna cinneadh leis an gcóras faireacháin maise ar bord i gcomparáid leis an mais arna tomhas le droichead meáite in kg le linn na tástála fíorúcháin a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

2. NÓS IMEACHTA TÁSTÁLA UM FHÍORÚ AR FHAIREACHÁN MAISE

2.1. **Roghnú feithicle**

Roghnófar an fheithicil ón aicme FIFIB a sháraigh na ceanglais maidir le cruinneas mhais iomlán na feithicle in aon cheann de na tástálacha faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn I, nó ón aicme FIFIB a roghnaigh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe bunaithe ar amhras faoi neamhchomhlíonadh. Roghnófar 3 fheithicil ar a laghad agus 8 bhfeithicil ar a mhéad ón aicme sin lena dtástáil.

2.2. **Sonraíochtaí trealaimh tomhais**

Déanfar mais iarbhír na feithicle agus mais iarbhír na feithicle le pálasta a thomhas le trealamh a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i dTábla 1.

Tábla 1

Ceanglais maidir le córais tomhais

Córas tomhais	Cruinneas
Droichead meáite	50 kg nó 0,5 % den luach uasta calabraithe cibé acu is lú

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

Ciallaíonn ‘cruinneas’ diall an léimh tomhais ó luach tagartha atá inrianaithe chuig caighdeán náisiúnta nó idirnáisiúnta.

Déanfar fíorú ar na ceanglais arna n-éileamh le haghaidh gach córais tomhais. Tabharfar isteach 10 luach tagartha ar a laghad idir an t-íosluach calabraithe agus an t-uasluach calabraithe sa chóras tomhais agus déanfar freagairt an chórais tomhais a thaifeadadh mar léamh anailíseora.

2.3. **Ullmhú na feithicle**

2.3.1. *Coinníollacha ginearálta*

Is é an riocht a bheidh ar an bhfeithicil an riocht a bheartaítear a bheidh uirthi agus í á cur ar an margadh. Ní cheadaítear aon athrú ar chrua-earraí ná ar na bogearraí. Féadfar boinn tomhais ar comhchosúil iad ina méid leis na boinn atá ann cheana (± 10 %) a chur ina n-ionad. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i bpointí 3.3 go 3.5 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011.

Níl briseadh isteach na feithicle éigeantach. Is é a bheidh i míleáiste foriomlán na feithicle an míleáiste a léitear san odaiméadar ag tús an tomhais ar thástáil fíoraithe.

2.3.2. *Breosla tástála*

Má iarrann an monaróir amhlaidh, déanfar an nós imeachta tástála trí úsáid a bhaint as breosla tagartha i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ar a ndearnadh an máthair-inneall a chineálcheadú faoi Airteagal 3 den Rialachán sin.

Beidh an t-umar breosla lán ag tús théamh na feithicle. Ní cheadaítear an fheithicil a athbhreoslú idir tús an téimh agus deireadh sheicheamh na tástála deimhnithe maise.

2.3.3. *Cumraíocht na feithicle*

Déanfar tarracóirí a thástáil le leathleantóir.

Déanfar leoraithe dochta a thástáil le barra tarraingthe nó leantóir acastóra láir 2 acastóir.

Féadfar leoraithe dochta ghrúpaí feithicle 1, 2, 3 agus 16 a thástáil le leantóir má tá nasc leantóra feistithe.

Déanfar feithiclí ina bhfuil cabhail chomhtháite a thástáil le cabhlacha deiridh na feithicle iomláine nó lánchríochnaithe.

Aon leantóir a úsáidtear sa tástáil fíorúcháin, beidh siad feistithe le haerchrochadh agus comhéadan chun sonraí a tharchur chuig an mótarfheithicil i gcomhréir le caighdeán ISO 11992.

2.3.4. *Dálaí pálasta*

Maidir leis an bhfeithicil nó leis an gcónasc feithiclí atá le tástáil, tá an luach a chomhfhreagraíonn do phálasta 100 % le ríomh bunaithe ar an difríocht sa mheáchan údaraithe uasta i gcomhréir le Treoir 96/53/CE ([1]) ón gComhairle don fheithicil shonrach nó don chónasc feithiclí sonrach agus ar shuim mhaiseanna ([2]) iarbhír na mótarfheithicle agus an leantóra nó an leathleantóra más infheidhme.

Déanfar an fheithicil a thástáil i gceann de na dalaí pálasta seo a leanas:

Dálaí folmha suas le huasmhéid 25 % pálasta

Dálaí lánluchtaithe sa raon idir 75 % agus 100 % pálasta

Déanfar na dálaí pálasta d'fheithiclí roghnaithe atá le tástáil a mhalartú idir dálaí folmha agus dálaí lánluchtaithe.

I gcás leoraithe dochta, oibreofar an tástáil a thagraíonn do dhálaí folmha gan leantóir agus leis an bpálasta tagartha 100 % arna ríomh bunaithe ar mhais iarbhír na mótarfheithicle amháin.

2.3.5. *Socruithe le haghaidh PTO*

Casfar as na tomhaltóirí fuinnimh breise nach gá chun an fheithicil a rith. Múchfar astógáil cumhachta as feithiclí nó cónaisc feithiclí atá le tástáil le linn na tástála ar luasanna feithicle os cionn 1,6 km/h.

2.4. **Comharthaí tomhais**

Déanfar na comharthaí tomhaiste seo a leanas a thaifeadadh le linn an tseichimh tástála fíorúcháin FMIF mar a thuairiscítear i bpointe 2.6.

([1]) Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 lena leagtar síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/53/oj).

([2]) Ag tagairt don sainmhíniú ar mhais iarbhír na feithicle' mar a leagtar amach in Airteagal 2(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhaiseanna agus toisí mótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 353, 21.12.2012, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1230/oj).

2.4.1. *Luas na feithicle*

Is éard a bheidh i luas taifeadta na feithicle an comhartha CAN le haghaidh luas feithicle san aonad km/h mar a fhoráiltear le tacagraf digiteach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014.

2.4.2. *Comhartha MI*

Comhlíonfaidh an comhartha MI taifeadta na ceanglais mar a leagtar amach i bpointe 3.2 d'Iarscríbhinn I.

2.4.3. *Córas suite domhanda*

Soláthrófar an suíomh domhanfhaid agus an suíomh domhanleithid trí chóras suite domhanda.

An cruinneas is gá:

Suíomh:< 3 m 95 % Earráid Chiorclach Dhóchúil

Ráta nuashonrúcháin: ≥ 4 Hz

2.4.4. *Teocht chomhthimpeallach*

An cruinneas is gá: ± 1 °C

Ráta nuashonrúcháin: ≥ 1 Hz

2.5. **Seicheamh tástála fíorúcháin FMIF**

Déanfar an t-ord tástála a fhorghníomhú le haghaidh gach pálasta mar a shainmhínítear i bpointe 2.3.4.

2.5.1. *Téamh*

Roimh thús sheicheamh na tástála fíoraithe staidrimh, féadfar an fheithicil a thiomáint lena téamh.

2.5.2. *An fheithicil a mheá ar an droichead meáite*

Déanfar an fheithicil a mheá ar dhroichead meáite díreach sula dtosófar an tréimhse thomhais nó go díreach tar éis na tréimhse tomhais mar a leagtar amach i bpointe 2.6.

2.6. **Tréimhse thomhais**

Leagtar amach na coinníollacha teorann atá le comhlíonadh le haghaidh tréimhse thomhais bhailí i dTáblaí 2, 3, 4, agus 5. Maidir le critéir 11 agus 12 i dTábla 2, is leor má chomhlíontar ceachtar acu.

Má éiríonn leis an bhfeithicil sa tástáil fíorúcháin FMIF i gcomhréir leis an gcritéar pas/teipe mar a leagtar amach i bpointe 3, measfar an tréimhse thomhais a bheith bailí fiú mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) gan na luachanna íosta a shroicheadh le haghaidh pharaiméadair Uimh. 4, 6, 7, 10, 11 agus 12;

(ii) na luachanna uasta a shárú le haghaidh pharaiméadair Uimh. 2, 3, 4, 5, 8, agus 9

Tábla 2

Paraiméadair atá ábhartha do gach tacar grúpaí feithiclí

Uimh.	Paraiméadar	Íos.	Uas.
1	Fad [nóiméid]	40	120
6	Meánteocht chomhthimpeallach	5 °C	30 °C
7	Dálaí bóthair, asfalt tirim	100 %	—

Uimh.	Paraiméadar	Íos.	Uas.
8	Dálaí bóthair, sneachta nó oighear	—	0 %
9	Leibhéal mara an bhealaigh [m]	—	800
10	Fad an réchasta leanúnaigh agus an fheithicil ina stad [nóiméid]	—	3
11	Dinimic Céim luasghéaraithe leanúnaigh > 0.5 m/s^2 (nó ag cumais lánualaigh feithicle) ag a bhfuil fad 10 s ([1]) ar a laghad	5	—
12	Dálaí cnocacha Áireofar sa bhealach stráice leanúnach ar a bhfuil ardú carnach dearfach airde atá níos mó ná 750 méadar	30 km	—

([1]) Sna luasghéaruithe, ceadaítear idirbhristeacha tarraingthe chun giaranna a aistriú. Ní chuirfear an t-aga idirbhriste tarraingthe san áireamh, áfach, agus fad na céime luasghéaraithe á ríomh.

Tábla 3

Paraiméadair ábhartha do ghrúpa feithiclí #1

Uimh.	Paraiméadar	Íos.	Uas.
2	Sciar acharbhunaithe den tiomáint uirbeach	2 %	8 %
3	Sciar acharbhunaithe den tiomáint tuaithe	7 %	13 %
4	Sciar acharbhunaithe den tiomáint ar mhótarbhealach	79 %	—
5	Sciar ama den réchasadh agus an fheithicil ina stad	—	5 %

Tábla 4

Paraiméadair ábhartha do ghrúpa feithiclí #2 agus #3

Uimh.	Paraiméadar	Íos.	Uas.
2	Sciar acharbhunaithe den tiomáint uirbeach	10 %	50 %
3	Sciar acharbhunaithe den tiomáint tuaithe	15 %	25 %
4	Sciar acharbhunaithe den tiomáint ar mhótarbhealach	25 %	—
5	Sciar ama den réchasadh agus an fheithicil ina stad	—	10 %

Tábla 5

Paraiméadair atá ábhartha do bhusanna agus cóistí idiruirbeacha ardurláir

Uimh.	Paraiméadar	Íos.	Uas.
2	Sciar acharbhunaithe den tiomáint uirbeach	12 %	40 %
3	Sciar acharbhunaithe den tiomáint tuaithe	10 %	30 %
4	Sciar acharbhunaithe den tiomáint ar mhótarbhealach	30 %	—
5	Sciar ama den réchasadh agus an fheithicil ina stad	—	10 %

D'fhéadfadh rianta poiblí agus príobháideacha araon a bheith sa bhealach a thiomáintear.

2.7. **Meastóireacht ar shonraí**

Déanfar na sonraí taifeadta a shioncrónú agus a ailíniú le taifeach ama 1 Hz, trí mheán uimhríochtúil, trí chomharsa is gaire nó trí idirshuíomh líneach.

2.8. **Tréimhse thomhais bhailí a fhíorú**

Chun bailíocht na tréimhse tomhais a chinneadh, déanfar na critéir a liostaítear i bpointe 2.6. a ríomh. Tá meastóireacht le déanamh ar pharaiméadar 11 (dinimic) ar bhonn chomhartha luais na feithicle a thuairiscítear i bpointe 2.4.1.

Léireofar na ceanglais maidir le dálaí cnocacha de réir pharaiméadar 12 don údarás cineálcheadaithe trí bhíthin ábhar léarscáile atá ar fáil ar bhonn tráchtála, sonraí an chórais suite domhanda nó trí bhraiteoir claonta.

2.9. **Meastóireacht ar chruinneas an tomhais FMIF**

Ríomhfar an dearbhdhiallas ($FMIF_{DIALL}$) agus an diall coibhneasta ($FMIF_{DC}$) trí chomparáid a dhéanamh idir meánmhais thomhaiste na feithicle (MI_{tomhas}) agus an mhais tagartha (MI_{tag}) mar a leanas:

$$FMIF_{DIALL} = MI_{tomhas} - MI_{tag}$$

agus

$$FMIF_{DC} = \frac{MI_{tomhas} - MI_{tag}}{MI_{tag}} * 100$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

MI_{tag} an mhais tagartha chun cruinneas an chórais FMIF a fhíorú arna cinneadh tríd an bhfeithicil a mheá ar an droichead meáite mar a leagtar amach i bpointe 2.5.2.

MI_{tomhas} meánmhais iomlán na feithicle arna cinneadh ag an gcóras FMIF. Luach amháin a ghlacfar mar mheán le linn an turais a bheidh i gceist leis sin.

Ríomhfar an dearbhdhiallas agus an diall coibhneasta do gach ceann de na tástálacha staidrimh agus úsáidfear iad chun an mheastóireacht staidrimh a dhéanamh mar a leagtar amach i bpointe 3 den Iarscríbhinn seo.

3. MEASTÓIREACHT AR AN NÓS IMEACHTA TÁSTÁLA STAIDRIMH LE hAGHAIDH FAIREACHÁN MAISE

3.1. **Túsphointe**

Is iad na luachanna le haghaidh $FMIF_{DIALL}$ agus *FMIFDC* a ríomhtar le haghaidh 3 fheithicil tástála aonair ($N = 3$) de réir phointe 2.9. den Iarscríbhinn seo túsphointe na meastóireachta staidrimh.

Cinntear leis na critéir a leagtar amach faoi 3.3(3) an gá feithiclí breise a thástáil. Fíorófar é sin ar leithligh maidir le hídiú breosla agus fad iomlán.

3.2. **Paraiméadair staidrimh**

Maidir leis an líon iomlán feithiclí arna dtástáil (*N*), déanfar an meán ($X_{tástálacha}$) agus diall caighdeánach (*s*) na dtorthaí tástála a chinneadh mar a leanas:

$$X_{tástálacha,DIALL} = \frac{\left|\left(x_{D1} + x_{D2} + \ldots + x_{DN}\right)\right|}{N}$$

agus:

$$X_{tástálacha,DC} = \frac{\left|x_{DC1} + x_{DC2} + \ldots + x_{DCN}\right|}{N}$$

agus:

$$s_{DEV} = \sqrt{\frac{\left(x_{D1} - X_{tests,DEV}\right)^2 + \left(x_{D2} - X_{tests,DEV}\right)^2 + \ldots + \left(x_N - X_{tests,DEV}\right)^2}{N-1}}$$

agus:

$$s_{DC} = \sqrt{\frac{\left(x_{DC1} - X_{tástálacha,DC}\right)^2 + \left(x_{DC2} - X_{tástálacha,DC}\right)^2 + \ldots + \left(x_{DCN} - X_{tástálacha,DC}\right)^2}{N-1}}$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:

x_{Di} an luach $FMIF_{DIALL}$ arna ríomh le haghaidh na feithicle tástála aonair *i* de réir phointe 2.9. den Iarscríbhinn seo.

x_{RDi} an luach $FMIF_{DC}$ arna ríomh le haghaidh na feithicle tástála aonair *i* de réir phointe 2.9. den Iarscríbhinn seo.

3.3. **Meastóireacht**

Maidir leis na 3 fheithicil a tástáladh ar dtús agus tar éis gach feithicle breise a tástáladh, déanfar measúnú ar an luach $X_{tástálacha}$ mar a leagtar amach thíos chun teacht ar cheann de na conclúidí seo a leanas don aicme FIFIB lena mbaineann:

(1) Tabhair pas don aicme má tá:

$$X_{tástálacha,DIALL} \leq Tol_{P,DIALL}$$

nó

$$X_{tástálacha,DC} \leq Tol_{P,DC}$$

Bunaithe ar an lamháltas le haghaidh pas arna ríomh mar a leanas:

$$Tol_{P,DIALL} = \left\{A_{DIALL} - \min\left[coef_{P,DIALL} * s_{DIALL}, \left(A_{DIALL} - 500\right)\right]\right\} * coef_{FAD}$$

agus:

$$Tol_{P,DC} = \left\{A_{DC} - \min\left[coef_{P,DC} * s_{DC}, \left(A_{DC} - 1\right)\right]\right\} * coef_{FAD}$$

(2) Tabhair teip adon aicme mura gcomhlíontar an critéar maidir le pas agus:

$$X_{tests,DEV} > Tol_{F,DEV}$$

nó

$$X_{tests,RD} > Tol_{F,RD}$$

Bunaithe ar an lamháltas le haghaidh teipe arna ríomh mar a leanas:

$$Tol_{F,DEV} = \{A_{DEV} + \min[coef_{F,DEV} * s_{DEV}, (2500 - A_{DEV})]\} * coef_{DUR}$$

agus:

$$Tol_{F,RD} = \{A_{RD} + min[coef_{F,RD} * s_{RD}, (10 - A_{RD})]\} * coef_{DUR}$$

(3) Déan tástáil ar fheithicil bhreise má tá:

$$Tol_{P,DIALL} < X_{tástálacha,DIALL} \leq Tol_{F,DIALL}$$

agus

$$Tol_{P,DC} < X_{tástálacha,DC} \leq Tol_{F,DC}$$

i gcás inarb amhlaidh gurb é:
$coef_{P,DC}$, $coef_{F,DC}$, $coef_{P,DIALL}$ agus $coef_{F,DIALL}$ mar a leagtar amach i dTábla 6.
s_{DIALL} diall caighdeánach an dearbhdhiallais arna chinneadh i gcomhréir le pointe 3.2.
s_{DC} diall caighdeánach an diallta choibhneasta arna chinneadh i gcomhréir le pointe 3.2.
A_{DC} 3,00.
A_{DIALL} 1 000.
$coef_{Fad}$ 1 má tá meánfhad na tréimhse tomhais a dhéantar faoi phointe 2.6. níos mó ná 80 nóiméad, 1,1 má tá an meánfhad idir 60 agus 80 nóiméad, agus 1,2 más lú ná 60 nóiméad an mheántréimhse. Déantar an mheántréimhse sin a thabhairt cothrom le dáta i ndiaidh gach tástála breise.

Tábla 6

Luachanna do chomhéifeachtaí cinnidh pas/teipe le haghaidh an fhíoraithe maise

Tástálacha	$coef_{P,RD}$	$coef_{F,RD}$	$coef_{P,DEV}$	$coef_{F,DEV}$
3	0,67	2,33	0,61	1,81
4	0,50	1,67	0,50	1,47
5	0,33	1,00	0,33	1,10
6	0,17	0,67	0,17	0,92
7	0,10	0,33	0,10	0,53
8	0	0	0	0

3.4. **Méid an diallta a ríomh**

Chun méid an diallta a ríomh, sainmhínítear an meán ($FMIF_{DIALL}$) mar $X_{tástáileacha,DIALL}$ don líon iomlán feithiclí a tástáladh, tar éis don aicme cliseadh de réir phointe 3:

$$meán\ (FMIF_{DIALL}) = X_{\ tástálacha,DIALL}$$

Sainmhínítear an meán ($FMIF_{DC}$) mar $X_{tástálacha,DC}$ le haghaidh líon iomlán na bhfeithiclí a tástáladh, tar éis teipe ar an aicme de réir phointe 3:

$$meán\ (FMIF_{DC}) = X_{\ tástálacha,DC}$$